# Tuarascáil an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta, 2013

*'Gné Shóisialta na hEorpa in 2020 a chur i bhfeidhm'*

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

# An Fóram um Chuimsiú Sóisialta, 2013

Arna foilsiú ag

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Teach Gandon, Sráid Amiens

Baile Átha Cliath 1

*ISBN:* 978-1-908109-18-7

An Roinn Coimirce Sóisialaí 2013

Baile Átha Cliath, Éire, Meán Fómhair 2013

**'Gné Shóisialta na hEorpa in 2020 a chur i bhfeidhm'**

**Tuarascáil an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta, 2013**

## Clár na nÁbhar

**Cuid 1: Réamhrá** ........ 4

**Cuid 2: Buíochas** ........ 6

**Cuid 3: Príomh-mholtaí polasaí** ........ 8

**Cuid 4: An chuid tosaigh** ........ 11

**Tráchtanna tosaigh** ........ 12

An comhthéacs a leagan amach ........ 13

**Cuid 5: Nósanna imeachta na gceardlann** ........ 22

**5.1 Ceardlann ar Leanaí** ........ 23

Cur i láthair ........ 24
Tuairimí na rannpháirtithe ........ 26
Príomhphointí: ........ 27

**5.2 Ceardlann ar Sheanóirí** ........ 27

Cur i láthair ........ 27
Tuairimí na rannpháirtithe ........ 29
Príomhphointí: ........ 31

**5.3 Ceardlann ar Dhífhostaíocht agus Teaghlaigh gan Phost** ........ 31

Cur i láthair ........ 31
Tuairimí na rannpháirtithe ........ 33
Príomhphointí: ........ 35

**5.4 Ceardlann ar Ieorgacht ioncaim agus bochtaineacht a chosc** ........ 36

Cur i láthair ........ 36
Tuairimí na rannpháirtithe ........ 37
Príomhphointí: ........ 38

**Cuid 6: An chuid deiridh** ........ 40

**Tuarascáil Rapóirtéir na Comhdhála** ........ 41

Aitheasc an Aire Coimirce Sóisialaí ........ 42

Tráchtanna deiridh an Chathaoirligh ........ 48

**Gluais** ........ 49

**Aguisín 1: An Pacáiste Infheistíochta Sóisialta** ........ 50

**Aguisín 2: Obair i dTreo Féilire Nua Náisiúnta - Forbhreathnú** ........ 52

**Aguisín 3: An Sárthaispeántas Nuálaíochta um Chuimsiú Sóisialta** ........ 52

**Liosta Tionscadal** ........ 53

# Cuid 1
# Réamhrá



# Cuid 1: Réamhrá

Seo Tuarascáil an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta (FCS), 2013. Bhí an FCS bunaithe ag an Rialtas mar chuid de na struchtúir chun monatóireacht agus measúnacht a dhéanamh ar Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta (NAPinclusion) 2007-2016. Chuir an Rialtas freagracht ar an Roinn Coimirce Sóisialaí an Fóram um Chuimsiú Sóisialta a thionól. Is gné ríthábhachtach é an FCS de ghealltanas an rialtais dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara bainteacha go léir, lena n-áirítear daoine atá thíos le bochtaineacht agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar a son sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta. Is deis é an Fóram le haghaidh teagmháil idir oifigigh ó ranna rialtais, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus daoine atá thíos le bochtaineacht, maidir leis an NAPinclusion. Eagraíodh an Fóram in 2013 le cúnamh Chomharchumann na nOibrithe Pobail (COP) agus Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire (LEAB).

Is é cuspóir an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta ná deis a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus daoine aonair, go háirithe san earnáil phobail agus dheonach:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Sprice Náisiúnta Sóisialta um Bhochtaineacht a Laghdú;
- A dtuairimí a thabhairt ar phríomh-pholasaithe agus ceisteanna feidhmithe;
- Bacainní agus srianta ar dhul chun cinn agus cén chaoi is fearr is féidir dul i ngleic leo a aithint; agus
- Moltaí agus tograí a thabhairt le haghaidh forbairtí nua agus polasaithe níos éifeachtaí amach anseo.

Ba é téama Fhóram 2013 ná **'Gné Shóisialta na hEorpa in 2020 a Chur i bhFeidhm'.**

Bhí an Fóram seo um Chuimsiú Sóisialta ar siúl Dé Céadaoin, 26 Márta ag Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath 3. Cuimsíonn sé na príomhphointí a bhí tarraingthe anuas ag na haoi-chainteoirí, sa phlé, agus na ceisteanna agus ábhair a tarraingíodh anuas sna ceithre cheardlann chomhthreomhara. Anuas air sin, tá aird dírithe ar roinnt moltaí uileghabhálacha do lucht ceaptha polasaí. Seolfar an tuarascáil chuig an nGrúpa Oifigeach Sinsearach ar Pholasaí Sóisialta agus cuirfear í faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

# Cuid 2
# Buíochas

## Cuid 2: Buíochas

Aithníonn an Roinn Coimirce Sóisialaí tacaíocht agus cúnamh Chomharchumann na nOibrithe Pobail agus Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire, le heagrú an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta, agus as na ceardlanna ullmhúcháin a d'eagraigh siad i gcomhar le chéile le cur ar chumas daoine atá thíos le bochtaineacht breithniú a dhéanamh ar a gcion oibre don Fhóram. Gabhtar buíochas ó chroí chomh maith leo siúd go léir a bhí páirteach agus a chuir le himeachtaí an lae.

Gabhtar fíorbhuíochas chomh maith le Rapóirtéir na Comhdhála, Aiden Llyod, na héascaitheoirí ceardlainne agus lucht scríofa na nótaí: John-Mark McCafferty, Frances Byrne, Oonagh Mc Ardle, Margaret O'Riada, Ciarán Diamond, Joanne Mulholland, Deirdre Bodkin agus Caroline Corr. Chuir an t-éascú agus an taifeadadh dúthrachtach a rinne siad go mór le tiomsú na tuarascála seo ar thorthaí Fhóram 2013.

*Tuairimí de chuid na gcainteoirí agus na rannpháirtithe ag an bhFóram is ea na tuairimí a léirítear sa tuarascáil seo, agus níor chóir a bheith ag ceapadh gurb ionann iad agus tuairimí na Roinne Coimirce Sóisialaí.*



# Cuid 3

## Príomh-mholtaí polasaí

## Cuid 3: Príomh-mholtaí polasaí

Seo an chéad Fhóram a tionóladh ó rinneadh an tAthbhreithniú ar an Sprioc Náisiúnta Bhochtaineachta a leagann síos Sprioc Náisiúnta Shóisialta chun bochtaineacht a laghdú agus socraítear seo de réir na Sprice Eorpaí Bochtaineachta, rud atá ina gné ríthábhachtach de Straitéis na hEorpa in 2020 ann féin. Socraíonn an Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Bochtaineacht a Laghdú sprioc bhochtaineachta na hÉireann de réir na straitéise téarnaimh, le dul i ngleic le héifeacht na géarchéime eacnamaíche, rud a d'imir tionchar díobhálach chomh mór sin orthu siúd atá i mbaol nó atá thíos le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

Díríonn an tuarascáil seo ar chuid mhaith ceisteanna tábhachtacha a aithníodh agus príomhphointí a pléadh sna ceardlanna téamacha. Tá siad seo go léir ríthábhachtach ar mhaithe le polasaí agus seirbhís níos fearr a sholáthar de réir mar a leanann Éire de thréimhse dheacair an téarnaimh eacnamaíoch. D'aithin rannpháirtithe an Fhóraim roinnt pointí tábhachtacha a bhaineann go sonrach le baint amach rathúil cuspóirí náisiúnta agus Eorpacha araon, ar mhaithe le bheith breithnithe go speisialta le haghaidh polasaí, mar seo a leanas:-

- Tá tionchar an tsoláthair dhírigh ar theaghlaigh atá ag fanacht le cinneadh ar a n-iarratas ar fhanacht sa stát, tá sé ag éirí níos práinní de réir mar a bhraitheann teaghlaigh scoite amach go leanúnach ón gcosaint agus saoirse shibhialta atá ag saoránaigh, lena n-áirítear cuid mhaith de na seirbhísí sóisialta a chinntíonn leibhéal inghlactha beatha pearsanta agus dínite daonna. Bhraith rannpháirtithe áirithe go gcruthaíonn sé seo foleibhéal atá curtha i bhfeidhm go struchtúrtha, rud a sháraíonn cearta daonna na dteaghlach agus na ndaoine aonair atá i gceist. Cé gur admhaíodh go bhfuil dualgas ar an stát a theorainneacha a chosaint, **tá freagracht mhorálta chomhthreomhar air chomh maith a chinntiú go mbíonn an teacht ar, agus caighdeán na seirbhíse ar comhchéim leis an méid atá ar fáil do shaoránaigh na hÉireann.**
- Bhí buairt ann go bhfuil an stát ag imeacht ó na bealaí cuir chuige ó bhonn aníos atá de dhíth chun éifeachtaí an choir chun donais eacnamaíoch a fhreaschur. Imríodh tionchar díréireach ar an earnáil phobail agus dheonach le ciorruithe a rinneadh ar bhuiséid ranna agus clár ó thús na géarchéime eacnamaíche. Tá cumas cruthaithe ag eagraíochtaí pobail feidhmiú mar fhreagra céadchéime ar dhífhostaíocht agus bochtaineacht, chomh maith le feabhsú agus cur le hobair na ranna agus na ngníomhaireachtaí i bhfreastal ar riachtanais na ndaoine is mó atá imeallaithe. I bhfianaise fheidhmíocht an ama atá caite agus an chomhthéacs atá ann faoi láthair, **caithfear an cur chuige comhpháirtíochta idir an stát agus an earnáil phobail a athbhunú** trí thionscnamh nua frith-bhochtaineachta a thabhairt isteach a chuimsíonn acmhainní imleora chun gníomhaíocht fhorbartha pobail a athbhunú go háitiúil. Is deis é an Pacáiste beartaithe Infheistíochta Sóisialta de chuid an AE chun an bonneagar ríthábhachtach seo a chur i bhfeidhm.
- Is cuid ríthábhachtach é cur i bhfeidhm rathúil na straitéisí gníomhachtaithe de phlean téarnaimh na hÉireann. Tá sé riachtanach go mbeidh sé seo nasctha le straitéisí frith-bhochtaineachta agus an gá atá le díriú ar líon mór na dteaghlach gan phost, tríd an bhfócas a leathnú níos faide ná na daoine siúd atá ar an mBeochlár amháin. Tá sé tábhachtach chomh maith go mbeidh gníomhachtú nasctha le cuspóir an Stáit athmhúnlú a dhéanamh ar an ngeilleagar ar mhaithe le fás agus forbairt fostaíochta cliste agus nuálaíche.

**Caithfear breathnú ar chur i bhfeidhm Conairí chun Oibre mar shamhail foghlama** is féidir a mhodhnú le freastal ar thosaíochtaí cuimsithe agus fostaíochta náisiúnta agus den AE, trí leathnú a dhéanamh ar scóip an tsoláthair oiliúna a bhaineann leis, chomh maith le pleananna dul chun cinn a nascadh le straitéisí cruthaithe fostaíochta go háitiúil.

- Tá buairt áirithe ann go bhfuil spleáchas a bhaineann le haois tar éis méadú nuair atá na seirbhísí ag streachailt le freastal go himleor do réimse ilghnéitheach riachtanas. Is cás iad na dúshláin agus na deiseanna a eascraíonn ó athruithe ar an struchtúr daonra chun tús a chur le pleanáil agus fiosrú roghanna polasaí le haghaidh cuimsiú agus soláthar seirbhísí agus tacaí amach anseo do sheanóirí a chosnóidh ó bhochtaineacht agus aonrú iad. Anuas air sin, caithfimid cion oibre eacnamaíoch agus sóisialta seanóirí faoi láthair dá bhfolláine féin agus d'fholláine daoine eile a aithint. **Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí an Straitéis Náisiúnta um Dhul in Aois Dearfach i gcrích go hiomlán láithreach** ionas gur féidir riachtanais seanóirí a chur san áireamh i bpríomhchreata polasaí.[1]
- Tá an comhthéacs agus plé níos mionsonraithe atá mar bhonn leis na tuairimí seo cumhdaithe i gCuid 5 thíos.

[1]Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Dhul In Aois Dearfach in Aibreán 2013



# Cuid 4
# An chuid tosaigh

## Tráchtanna Tosaigh

Chuir **an tUas. Kathleen Stack, Rúnaí Cúnta, An Roinn Coimirce Sóisialaí** agus Cathaoirleach na n-imeachtaí, chuir sí tús leis an bhFóram trí chur i gcuimhne do na daoine a bhí i láthair gur deis í an ócáid bhliantúil seo, rud a bhí ar siúl i Samhain 2011 an uair dheireanach, gur dheis í nuair a thagann na daoine siúd atá freagrach as ceapadh polasaí agus a chur i bhfeidhm, daoine den phobal agus eagraíochtaí deonacha a bhíonn ag obair go náisiúnta agus go háitiúil le daoine atá thíos le bochtaineacht, gur deis é dóibh siúd nuair a thagann siad le chéile le bheith ag éisteacht lena chéile, chun eolas a roinnt agus le foghlaim faoi na dúshláin agus tosaíochtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Ghníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta.

Dúirt Kathleen go ndearna an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn athbhreithniú ar an FCS tar éis ócáid 2011, agus ba é ceann de na moltaí a tháinig as an athbhreithniú ná athsceidealú a dhéanamh ar an ócáid ó Shamhain i bhféilire na bliana go Feabhra nó Márta gach bliain. Ba iad na fáthanna leis an athrú seo ná:

- Ailíniú níos fearr a dhéanamh le sonraí bochtaineachta SIDM an AE, rudaí a bhíonn cruthaithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i Samhain go bliantúil, chun an fháil atá ar staidreamh bochtaineachta reatha a chinntiú, srl;
- Deis níos mó a chur ar fáil chun cur i bhfeidhm na Sprice nua Náisiúnta Sóisialta um Bochtaineacht a Laghdú a chur chun cinn, go háirithe, críochnú tuarascála bliantúla ar mhonatóireacht roimh an FCS, leis na sonraí is déanaí ón POS;
- Chomhlíon sé seo moladh ó thuarascáil an FCS in 2011 gur chóir dáta na hócáide a shocrú ionas go bhféadfaí a leithéid d'eolas reatha a bhreithniú ag an gcruinniú bliantúil;
- Comhtháthú feabhsaithe an Fhóraim leis an gcomhairliúchán agus tuairisciú ar fud phróiseas seimeastair an AE. Buntáiste ar leith atá ann ná an deis atá ann mar gheall air fócas straitéiseach a chuimsiú don FCS trí riachtanais Thuarascáil bhliantúil an Chláir Náisiúnta um Athchóiriú agus na Tuarascála Náisiúnta Sóisialta a nascadh le comhairliúchán le páirtithe leasmhara; agus
- Díríonn an t-athrú chomh maith ar aiseolas rannpháirtithe agus comhpháirtithe ócáide a bailíodh ag an FCS ba dhéanaí in 2011.

Is míniú é an t-athrú ar am an FCS i gcomhréir leis seo chomh maith ar an bhfáth nár tharla aon chruinniú den FCS in 2012, ach táthar tar éis filleadh ar an ngnáththimthriall 12 mhí le haghaidh na hócáide anois.

Chuir an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta agus comhpháirtithe ócáide, Comharchumann na nOibrithe Pobail agus Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire, chuir siad clár suimiúil agus dúshlánach le chéile, rud a chuireann deis chuí ar fáil chun plé fiúntach a dhéanamh ar na polasaithe um chuimsiú sóisialta a imríonn tionchar díreach ar shaol mhuintir na hÉireann.

## An Comhthéacs a Leagan Amach

Rinne **an tUas. Kornelia Kozovska, AS Fostaíochta an Choimisiúin Eorpaigh, Cúrsaí Sóisialta agus Cuimsiú**[2] , rinne sí cur síos ar Straitéis na hEorpa in 2020, rud arb é is aidhm di ná fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur ar fáil trí infheistíocht in oideachas, taighde agus nuálaíocht; athrú go cinntitheach i dtreo geilleagair ar bheagán carbóin; agus béim láidir a leagan ar chruthú fostaíochta agus laghdú bochtaineachta. Tá cúig sprioc uaillmhianacha leagtha síos ag an Straitéis chun na haidhmeanna seo a bhaint amach faoi 2020:

- Ráta fostaíochta 75 faoin gcéad le haghaidh chéatadán an daonra ó 20 - 64 bliain d'aois
- 3 faoin gcéad d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) an AE a bheith á hinfheistiú i dTaighde agus Forbairt (T agus F)
- Laghdú 20 faoin gcéad ar gháis cheaptha teasa[3]; méadú a dhéanamh ar sciar na húsáide a bhaintear as fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite san AE go 20 faoin gcéad; agus feabhsú 20 faoin gcéad ar éifeachtúlacht fuinnimh an AE
- Líon na ndaoine óga a éiríonn as scolaíocht go luath a laghdú go 10 faoin gcéad agus céim den tríú grád a bheith ag íosmhéid 40 faoin gcéad acu
- Laghdú 20 milliún ar líon na ndaoine i mbaol bochtaineachta nó eisiata shóisialta

Tá Sprioc Bhochtaineachta an AE bunaithe ar thrí tháscaire cuimsithe shóisialta den AE:

- I mbaol bochtaineachta
- Díothacht throm mhaoine
- Teaghlaigh gan phost

Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an táscaire is oiriúnaí a roghnú chun a sprioc náisiúnta a shocrú ar mhaithe le saintréithe difriúla an eisiaimh shóisialta ina dtír féin a léiriú. Cuirfidh gach tír a straitéis náisiúnta i bhfeidhm i gcomhar lena chéile tríd an Ardán Eorpach in aghaidh na Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta, rud arb é an Tionscnamh Suaitheanta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Sprice Bochtaineachta.

Is cuid de phróiseas chur i bhfeidhm Straitéis an AE é comhchuibhiú na bpróiseas náisiúnta buiséadach agus san AE. Is é an seimeastar Eorpach an tréimhse sé mhí gach bliain nuair a dhéantar comhordú ar pholasaithe buiséadacha, maicreacnamaíocha agus struchtúrtha na mBallstát, ar mhaithe le ligean dóibh gnéithe an AE a chur san áireamh ag céim thosaigh a bpróiseas náisiúnta buiséadach agus cheapadh a bpolasaí eacnamaíoch. Is iad na príomhchéimeanna sa seimeastar Eorpach ná:

[2] Anailísí Polasaí, Rúnaíocht Foghrúpa Táscairí an Choiste Coimirce Sóisialaí
[3] Ó leibhéil 1990

| | |
|---|---|
| **Samhain** | **Eisíonn an Coimisiún a Shuirbhé Bliantúil Fáis (SBF) ina leagtar amach tosaíochtaí an AE chun fás agus cruthú fostaíochta a threisiú le haghaidh na bliana dár gcionn** |
| **Aibreán** | **Seolann na Ballstáit isteach a bpleananna (Cláir Náisiúnta um Athchóiriú) le haghaidh airgeadas stuama poiblí (Cláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú), athchóiriú agus bearta chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo fáis atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach** |
| **Meitheamh** | **Déanann an Coimisiún measúnú ar na PNAanna seo agus cuireann sé moltaí ar fáil do thíortha ar leith (MTL) de réir mar is cuí. Déanann an Chomhairle plé agus déanann an Chomhairle Eorpach formhuiniú ar na moltaí** |
| **Deireadh mhí Mheithimh/tús mhí Iúil** | **Glacann an Chomhairle go foirmiúil leis na moltaí a bhaineann le tíortha ar leith** |

Caithfidh rialtais an AE dhá thuarascáil a chruthú in aghaidh na bliana in Aibreán le míniú céard atá ar siúl acu le spriocanna náisiúnta na hEorpa in 2020 a bhaint amach.

Seoltar **cláir um chobhsaíocht/chóineasú** isteach sula nglacann Rialtais na mBallstát lena mbuiséid náisiúnta le haghaidh na bliana dár gcionn. Caithfidh an t-ábhar ligean do phlé fiúntach a bheith déanta ar airgeadas poiblí agus ar an bpolasaí fioscach.

Seoltar **Cláir Náisiúnta um Athchóiriú (CNAnna)** isteach ag an am céanna leis na cláir um chobhsaíocht/chóineasú, ina bhfuil na gnéithe atá riachtanach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta na hEorpa in 2020 maidir le fás atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Ba chóir an dá thuarascáil a chomhtháthú go hiomlán taobh istigh den nós imeachta buiséadach náisiúnta agus den seimeastar Eorpach, rud a tugadh isteach chun comhordú polasaí a fheabhsú ar fud an AE. Caithfidh údaráis réigiúnacha/áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile a bheith páirteach chomh maith i rith an ullmhúcháin ar mhaithe le tacaíocht fhorleathan a chruthú do chur i bhfeidhm na bpolasaithe seo.

Tá an **Pacáiste Infheistíochta Sóisialta (PIS)** tar éis a bheith tugtha isteach fad is atá dúshláin mhóra roimh an AE mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais atá tar éis ráta ard dífhostaíochta, neamhghníomhaíocht óige agus leibhéil mhéadaithe bhochtaineachta agus eisiata shóisialta a chruthú, chomh maith le maolú a dhéanamh ar éifeacht na n-athruithe déimeagrafacha (cóimheas méadaithe dul in aois agus spleáchais) agus srianta fioscacha (laghdú ar an easnamh agus brúnna buiséadacha). Tá sé mar aidhm ag an PIS feabhsú a dhéanamh ar chumas daoine dul in oiriúint do rioscaí amhail pátrúin athraitheacha gairm bheatha, dálaí oibre nua nó daonra atá ag dul in aois agus feabhsú a dhéanamh ar a ndeiseanna páirt a ghlacadh sa tsochaí ar feadh chúrsa an tsaoil.

Is iad uirlisí an AE chun an PIS a chur i bhfeidhm ná:

- An Coiste Coimirce Sóisialaí agus an Modh Oscailte Sóisialta um Chomhordú (MOC)
- An Seimeastar Eorpach - Suirbhé Bliantúil ar Fhás; Cláir Náisiúnta um Athchóiriú; Moltaí a Bhaineann le Tíortha ar Leith
- An tArdán Eorpach in aghaidh na Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta - 64 Gníomh le dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta; comhdháil bhliantúil
- Ionstraimí Airgeadais an AE (Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an tSaoráid Eorpach um Infheistíocht Shóisialta (SEIS))

[Tabhair do d'aire: féach ar shonraí an Phacáiste Infheistíochta Sóisialta, príomhdhoiciméid thagartha agus teagmhálacha gréasáin chun tuilleadh eolais a fháil in Aguisín 1]

Thug **an tUas. John Bohan**, **Príomhoifigeach, An Roinn Coimirce Sóisialaí**, thug sé achoimre ar an Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú Bochtaineachta, rud a bhfuil sé mar aidhm léi laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht chomhsheasmhach go 4 faoin gcéad faoi 2016 agus 2 faoin gcéad nó níos lú faoi 2020. Cuimsíonn an sprioc athmheasta seo achar ama sínte chun an cúlú eacnamaíoch a chur san áireamh, agus chun an t-uainiú a chur i gcomhréir le tuairisciú an AE chomh maith. Tá fospriocanna breise maidir le leanaí agus teaghlaigh gan phost á bpleanáil chomh maith.

Caithfear breathnú ar an sprioc seo mar chuid ríthábhachtach de pholasaí laghdaithe bochtaineachta na hEorpa. Faoi sprioc na hEorpa in 2020, is é is aidhm d'Éirinn ná laghdú íosta 200,000 (4.4 faoin gcéad) a dhéanamh ar sciar an phobail atá thíos le 'bochtaineacht chomhcheangailte' - téarma nua a léiríonn an tuairim gur gá do laghdú ar bhochtaineacht dul níos faide ná córais tacaíochta ioncaim.

Cuirtear le, agus rianaítear cur i bhfeidhm na Sprice Náisiúnta Sóisialta um Bhochtaineacht a Laghdú trí na meicníochtaí/próisis seo a leanas[4]:

### (a) Cumarsáid le páirtithe leasmhara

- Athbhreithniú agus doiciméid tacaíochta a fhoilsiú
- Cruinniú comhchéime le páirtithe leasmhara (ar siúl i Samhain 2012)
- An Fóram um Chuimsiú Sóisialta - rud a bhfuil sliotán nua tugtha dó chun páirt níos mó ag eagraíochtaí neamhrialtasacha i ndíospóireachtaí polasaí agus tuairisciú ar bhochtaineacht a éascú
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach ar Pholasaí Sóisialta, rud a thacaíonn le Coiste na Comh-aireachta ar Pholasaí Sóisialta
- An Coimisiún Eorpach

[4]TTá sé seo léirithe mar léaráid in Aguisín 2

### (b) Torthaí níos fearr trí anailís agus taighde

- Staidéar de chuid an RCS/ITES (ESRI) a foilsíodh i Nollaig 2012 a scrúdaigh naisc idir an bhochtaineacht agus obair, inar díríodh aird ar fhadhb na dteaghlach gan phost, agus é ag tabhairt le fios:
    - Gurbh fhadhb struchtúrtha a bhí ann roimh an gcúlú eacnamaíoch é, a chuaigh in olcas mar gheall air agus a mbíonn éifeacht aige ar cheathrú den daonra iomlán ó 0-59 bliain d'aois
    - Bhí an ráta seo 2.5 oiread mheán an AE
    - An grúpa seo a aithint mar ghrúpa a mbaineann baol mór bochtaineachta agus eisiata shóisialta leo[5]

Tá an taighde seo bainteach chomh maith sa chaoi a socraíonn sé an fosprioc bhochtaineachta maidir le 'teaghlaigh gan phost', agus sa chaoi a gcuireann sé le gníomhartha i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Conairí chun Oibre agus Intreo.

- Cruthaítear feasacht níos mó chomh maith ar thionchar polasaí ar bhochtaineacht trí Mheasúnú Tionchair Shóisialta (MTS)
    - Measúnú ar Thionchar Sóisialta Bhuiséad 2013; féach http://www.welfare.ie/en/downloads/2013-03_SIABudget2013_Final.pdf
    - Tá obair ar siúl faoi láthair le ranna rialtais eile chun MTS a chur i bhfeidhm - m.sh. polasaí nua sláinte agus folláine na Roinne Sláinte
    - Tá bearta eile á mbreithniú chun an próiseas MTS seo a dhéanamh níos éifeachtaí - seans go mbeidh moltaí ag teacht ó na ceardlanna

### (c) Monatóireacht ar thorthaí

- Déanann tuarascáil an Mhonatóra Cuimsithe Shóisialta cur síos ar dhul chun cinn i dtreo na Sprice Bochtaineachta ar bhealach trédhearcach
    - Cuimsíonn tuarascáil an Mhonatóra ábhar ar spriocanna, tacú le táscairí agus soláthraíonn sí táscairí ar ghrúpaí leochaileacha agus ar fhadhbanna
    - Cuimsíonn an chéad Mhonatóir 2010 - 2011; féach http://www.welfare.ie/en/downloads/2013SIM2011FinalWeb.pdf
    - Coinneofar an fhormáid agus an t-ábhar faoi athbhreithniú

### (d) Tuairisciú ar ghníomhú agus torthaí

- Tá formáid nua ar líne á hullmhú le haghaidh na Tuarascála Bliantúla ar an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta
- Ullmhófar Tuarascáil Náisiúnta Shóisialta do Choiste Coimirce Sóisialaí an AE mar chuid den MOC Sóisialta
- Tuairisceofar Dul Chun Cinn maidir leis an Sprioc Bhochtaineachta chomh maith tríd an gClár Náisiúnta um Athchóiriú faoi Straitéis na hEorpa in 2020

[5] 75 faoin gcéad den daonra atá thíos le Bochtaineacht Chomhsheasmhach - .i. 5.1 faoin gcéad den ráta Bochtaineachta Comhsheasmhaí 6.9 faoin gcéad in 2011

Ar deireadh, tuairisceofar cion oibre na hÉireann le haghaidh Sprioc an AE in 2020 (laghdú íosta 200,000 [4.4 faoin gcéad] a dhéanamh ar an sciar den phobal atá thíos le 'bochtaineacht chomhcheangailte'), tuairisceofar é tríd an gClár Náisiúnta um Athchóiriú ar bhonn na dtír tháscaire náisiúnta:

1. I mBaol Bochtaineachta - nuair atá ioncam teaghlaigh faoi bhun 60 faoin gcéad den leibhéal meánlíne ioncaim
2. Díothacht - nuair atá dhá riachtanas bhunúsacha nó níos mó as aon cheann déag in easnamh ar dhaoine[6]
3. Bochtaineacht Chomhsheasmhach - forluí an dá (1 agus 2 thuas) tháscaire comhpháirte

- Tá siad seo mórán mar an gcéanna le 'daonra i mbaol bochtaineachta nó eisiata shóisialta' an AE. Úsáidfidh na tuarascálacha ar dhul chun cinn an creat stát leasa fhorbarthaigh/cuimsithe ghníomhaigh atá ceaptha ag an CNES (NESC)[7] (rud arb é fócas na gceardlann inniu):
    - Teacht ar thacaíocht íosta ioncaim (leorgacht ioncaim agus bochtaineacht a chosc)
    - Gníomhachtú agus fostaíocht (daoine dífhostaithe agus teaghlaigh gan phost)
    - Teacht ar sheirbhísí (leanaí, seanóirí)

**Labhair an tUas. Aedan Hall, Príomhoifigeach Cúnta Rannóg an AE i Roinn an Taoisigh,** labhair sé faoin Seimeastar Eorpach agus faoi Straitéis an AE in 2020. Is é an Seimeastar Eorpach an timthriall bliantúil de chomhordú ar pholasaí Eorpach eacnamaíoch agus fioscach. Ó 2011, bhí na Ballstáit lena bpolasaithe náisiúnta a chur i gcomhréir le spriocanna comónta an AE chun na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- Airgeadas poiblí stuama
- Fás a chothú
- Neamhchothroime iomarcach a chosc

Ullmhaítear na Cláir Náisiúnta Athchóirithe a comhaontaíodh faoin AE in 2020 agus faoi na Cláir um Chobhsaíocht agus Cóineasú a comhaontaíodh faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis, ullmhaítear i mí Aibreáin iad anois.

Tá sé seo beartaithe chun ailíniú níos láidre a dhéanamh maidir le tosaíochtaí buiséid, polasaithe fostaíochta agus athchóiriú struchtúrtha. Faoin bpróiseas seo, athraíonn comhordú polasaí ó bheith *ex-post* (agus an gníomh déanta) go *ex-ante* (roimh ré), rud a mbeidh rialachas feabhsaithe eacnamaíoch ó Nollaig 2011 mar

[6] Meastar daoine a bhfuil dhá cheann nó níos mó den aon rud déag liostaithe seo a leanas in easnamh orthu a bheith thíos le díothacht éigeantach. Dhá phéire bróg láidir, cóta mór teolaí uiscedhíonach, acmhainn éadaí nua (nach éadaí athláimhe iad) a cheannach, feoil a ithe mar chuid de bhéile, sicín, iasc (nó béile feoilséantach atá cosúil leis) gach dara lá, spól rósta nó rud cosúil leis a bheith agat uair sa tseachtain, gá leis an teas a mhúchadh am éigin le bliain anuas mar gheall ar easpa airgid, an teach a choinneáil te go leor, bronntanais a cheannach do dhaoine muinteartha nó cairde uair sa bhliain ar a laghad, troscán caite ar bith a athsholáthar, daoine muinteartha nó cairde a thabhairt isteach ar cuairt chun deoch a ól, nó béile a ithe uair sa mhí, dul amach le haghaidh siamsaíochta um mhaidin, um thráthnóna nó san oíche uair amháin le coicís anuas.

[7] Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta

thoradh air. Bhí an tríú seimeastar Eorpach á bhainistiú faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa chéad leath de 2013.

Rinneadh cur síos ar roinnt cáilitheoirí breise do na próisis sheimeastair a ndearna cainteoir roimhe sin cur síos orthu chomh maith. Is 'Tír Chláir' Troika í Éire ó dheireadh 2010, rud a chiallaíonn go bhfuil rannpháirtíocht rialta sa Seimeastar Eorpach curtha ar fionraí go héifeachtach. Ach tá Éire tar éis leanúint de Chlár Náisiúnta Athchóirithe a ullmhú in 2011 agus nuashonrúcháin a sheoladh isteach, in éineacht le Nuashonrúchán iomlán ar an gClár Cobhsaíochta, cé go bhfuil sí cuntasach go príomha do Chlár Comhaontaithe an AE/CAI. Ar an bhfáth sin, is é an Moladh a Bhaineann le Tír ar Leith (MTL) a luadh roimhe seo ná gur gá d'Éirinn leanúint de Chlár an AE/CAI a chur i bhfeidhm. Tá Éire ag súil le bheith páirteach i bpróiseas iomlán Sheimeastar an AE arís in 2014.

Thaispeáin Aedan sraith graf a léirigh an stádas, treochtaí agus réamhaisnéis reatha maidir le spriocanna ceannlíne an AE in 2020 ar fhostaíocht, infheistíocht i dtaighde agus forbairt, fuinneamh agus athrú aeráide, feabhsú torthaí oideachais agus laghdú bochtaineachta. Leagann Suirbhé Bliantúil Fáis 2013 amach cúig thosaíocht atá ceaptha le Ballstáit a threorú tríd an ngéarchéim chun fás a athnuachan agus socraíonn sé seo creat na dtosaíochtaí polasaí d'Éirinn:

- Comhdhlúthú difreáilte fioscach a spreagann fás a dhéanamh
- Iasachtú gnách a athbhunú sa gheilleagar
- Fás agus iomaíochas a chur chun cinn
- Dul i ngleic le dífhostaíocht agus iarmhairtí sóisialta na géarchéime
- Caiteachas poiblí a nuachóiriú.

Thug **an tUas. Robin Hanan, Stiúrthóir Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta (LEAB), Éire** achoimre ar chuid den aiseolas a fuarthas ón 154 rannpháirtí i seacht gceardlann réigiúnacha a bhí eagraithe roimh an FCS ag Comharchumann na nOibrithe Pobail, agus ag Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire. Thaispeáin na rannpháirtithe féin cuid de na príomhphointí ón aiseolas ar fhógraí, le cúnamh ealaíne Emma Jane Geraghty.

Ghabh Robin buíochas leis an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta as an bhfóram a eagrú, as tacú leis na ceardlanna ullmhúcháin agus as an eolas a dáileadh, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le plé thar a bheith nithiúil ar pholasaí an rialtais ar dhul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

Cé go raibh cuid mhaith den aiseolas ó na cruinnithe réigiúnacha ag cáineadh pholasaithe an rialtais, tá sé tábhachtach an obair atá déanta ag an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta agus oifigigh um chuimsiú sóisialta ar fud an rialtais náisiúnta agus áitiúil a aithint, agus iad ag leanúint de dhul i ngleic le bochtaineacht a choinneáil ar an gclár oibre in am an ghátair.

Ba é an chéad teachtaireacht ó na cruinnithe áitiúla ná go bhfuil daoine faoi bhrú ollmhór. Tá sé seo ar eolas ó na figiúirí is déanaí ón POS-SIDM (CSO-SILC), rudaí a léiríonn go bhfuil aon cheathrú den daonra agus aon trian de leanaí thíos le díothacht. Cuimhnigh gur tomhas thar a bheith bunúsach í díothacht, nuair a chuirtear ceist ar dhaoine cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad in acmhainn dhá rud a cheannach ó liosta rudaí dá leithéid, amhail cóta teolaí nó téamh a dtí féin. Ach is mór an difear idir an t-eolas sin a fháil ó staidreamh agus éisteacht le scéal na ndaoine ar fud na tíre atá ag streachailt. Tá athfhriotal de chuid duine de na rannpháirtithe ar cheann amháin de na fógraí: "*Bhí orm roghnú idir mo leanaí a chothú agus m'áit chónaithe a théamh'*.

Cé go bhfuil a fhios againn go bhfuil grúpaí nua thíos le bochtaineacht anois chomh maith, tá cuid mhaith de na dálaí is measa á bhfulaingt ag daoine nár bhain mórán leasa as an Tíogar Ceilteach, amhail tuismitheoirí aonair, teaghlaigh mhóra, an lucht siúil, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus seanóirí. Is mó go mór an tionchar díobhálach ar mhná i gcomparáid le fir anois, agus tá cisil nua bhochtaineachta á gcruthú ag an gcoinníoll gnáthchónaithe i measc na n-imirceach.

Is é an teachtaireacht shoiléir atá á cur in iúl ná nach bhfuil ualach na déine á iompar go cothrom i measc an phobail. Fiú dá mbeadh an t-ualach roinnte go cothrom, ní bheadh sé seo inghlactha in aon chor, ós rud é nach bhfuil daoine i mbaol bochtaineachta in acmhainn glacadh le tuilleadh ciorruithe chun fadhbanna nár chruthaigh siad féin a réiteach.

An dara teachtaireacht a cuireadh in iúl go láidir ná an gá atá le gealltanas ón tsochaí go léir agus ón rialtas dul i ngleic le bochtaineacht, an tslí go léir go dtí an barr.



Caithfidh gach réimse den rialtas dul i mbun oibre go dáiríre chun deireadh a chur le bochtaineacht. Chomh maith leis sin, tá tábhacht leis na teachtaireachtaí a chuirtear in iúl i gcruthú mheon an phobail. Thuairiscigh daoine den lucht siúil agus imircigh ar an eagla a chothaítear le teachtaireachtaí ciníocha agus go bhfuil gá le teachtaireachtaí dearfacha ó lucht ceannais anuas. Tá teachtaireachtaí poiblí faoi leas sóisialach agus faoi ghrúpaí leochaileacha amhail tuismitheoirí aonair tar éis méadú ar an eagla atá le brath.

Is é an tríú teachtaireacht atá á cur in iúl ná an gá atá le fís chomónta agus clár chun í a bhaint amach. Is fiú cuimhneamh ar na smaointe a chuir Éire leis an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta ar fud na hEorpa roimhe seo. Tá cáil ar Éirinn as dhá thionscnamh mhóra i rith cúluithe eacnamaíocha roimhe seo: na Cláir Bhochtaineachta Eorpacha, rudaí a bhí tionscanta ag Aire Éireannach, Frank Cluskey, agus Coimisinéir Éireannach, Patrick Hillery, sna 1970idí agus an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhochtaineachta sna 1990idí. Ba shamhlacha gnímh iad an dá rud seo ar fud na hEorpa.

Tháinig na Cláir Bhochtaineachta ón smaoineamh gur chóir go mbeadh acmhainní curtha ar fáil do phobail chun teacht ar réitigh ar a bhfadhbanna féin. Tá an bonn á bhaint den choincheap seo anois de réir mar a dhéantar ciorruithe ar an earnáil phobail, fad is a thugtar tosaíocht do sheirbhísí ó bharr anuas seachas do thionscnaimh atá á reáchtáil ag an bpobal. Ba é ceann amháin de na teachtaireachtaí ó chruinnithe áitiúla ná go bhfuil forbairt pobail riachtanach agus gur féidir le cumhachtú daoine an luach is fearr ar airgead a chur ar fáil i gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta.

Thug an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta an smaoineamh dúinn cur chuige ar fud an rialtais a chur i bhfeidhm maidir le bochtaineacht, chomh maith leis an smaoineamh lárnach maidir le díonadh ar bhochtaineacht. Tá sé mar pholasaí ag an Rialtas gur gá measúnú a dhéanamh ar gach tionscnamh tábhachtach, lena n-áirítear reachtaíocht, pleananna agus an buiséad bliantúil, le cinntiú go laghdaíonn siad bochtaineacht nó nach méadaíonn siad í ar a laghad. Cé go bhfuil cuid mhaith dea-oibre ar siúl sa Roinn Coimirce Sóisialaí chun díonadh ar bhochtaineacht a chur chun cinn, níl lucht ceannais ag glacadh go dáiríre leis, agus níl sé ag dul i bhfeidhm ar na polasaithe i ngach líne den bhuiséad, mar is cóir dó a dhéanamh.

Chiallódh díonadh bochtaineachta go ndéanfaí breithniú níos cúramaí ar chiorrú a dhéanamh ar thacaí oideachais agus sláinte, rud a choigil méid suarach airgid i gcomhthéacs airgeadas foriomlán an rialtais, ach a imríonn tionchar thar a bheith díobhálach ar shaol na ndaoine.

Sampla ríshoiléir amháin de pholasaí a chruthaíonn bochtaineacht agus eisiamh sóisialta ná 'soláthar díreach' do lucht iarrtha tearmainn. D'fhéadfadh daoine blianta fada a chaitheamh sa tír seo, gan cead a bheith acu obair nó staidéar a dhéanamh, ná fiú cócaireacht dá dteaghlach fad is atá siad ag fanacht le cinneadh an rialtais ar a n-iarratais ar thearmann. Mheas roinnt rannpháirtithe i gceardlanna réigiúnacha éagsúla gur scannal faoi cheilt é seo, ar nós Neachtlanna Mhaigdiléana san am atá caite.

Tá gá againn le straitéis chomh maith chun poist mhaithe a chruthú. Ciallaíonn díbhuanú na hoibre agus na ciorruithe ar oiliúint FP agus scéimeanna eile de chuid FÁS go bhfuil cuid mhaith daoine atá ag obair thíos le bochtaineacht agus neamhdhiongbháilteacht anois, agus 15 faoin gcéad díobh siúd atá ag obair thíos le díothacht, de réir an staidrimh is déanaí ón POS. Tá gá againn le clár a chruthaíonn poist ar ardchaighdeán agus tá gá againn le clár dáiríre oiliúna nach féidir leas a bhaint as mar áis a chuireann lucht oibre saor nó saor in aisce ar fáil. Caithfimid dul i ngleic le gaistí bochtaineachta agus an triantán óir dea-oibre, seirbhísí agus tacaíochta ar ardchaighdeán agus ioncaim imleoir a atógáil, rud a ndéantar tagairt dó ar fud na hEorpa mar 'chuimsiú gníomhach'.

Cé go n-aithnímid gur tréimhse ghéarchéime í seo i saol cuid mhaith daoine agus am roghanna faoi thodhchaí na tíre, ní mór dúinn gan glacadh leis an argóint gur gá dúinn fanacht go dtí go mbeidh rath ar an ngeilleagar arís sula ndíreoimid ar cheisteanna sóisialta. Níl mórán samplaí de thionscnaimh thábhachtacha shóisialta a tosaíodh nuair a bhí rath ar an ngeilleagar. Tógadh Seirbhís Náisiúnta Sláinte na Breataine sna 1940idí nuair a bhí ciondáil ar siúl sa tír sin. Tógadh na samhlacha sóisialta Lochlannacha, rudaí a chabhraigh leo teacht slán ón ngéarchéim atá ann faoi láthair, tógadh iad nuair a bhí cúlú mór eacnamaíoch á chur acu díobh féin. Forbraíodh an chuid is mó de na córais shóisialta Eorpacha ar an Mór-Roinn tar éis an Dara Cogadh Domhanda, nuair a bhí gorta sna tíortha sin. Anois an t-am le cinntí móra a dhéanamh faoin gcineál córais shóisialta is mian linn a thógáil, nuair atá na roghanna is práinní os ár gcomhair amach.

Ní mór dúinn gan a bheith ag breathnú taobh amuigh den seomra seo amháin chun ceannairí a aimsiú. Tugann an chomhdháil seo inniu 200 duine le chéile atá dáiríre faoi dhul i ngleic le bochtaineacht. Daoine atá thíos go díreach le bochtaineacht, oibrithe pobail, oifigigh áitiúla agus náisiúnta rialtais, agus acadóirí a bhfuil tuairimí láidre acu faoi bhochtaineacht. Mura gcuirfimid ceannaireacht ar fáil chun bochtaineacht a chur ag barr an chláir oibre, ní dhéanfaidh duine ar bith eile é. Seo an tasc is gá dúinn a thabhairt isteach sna ceardlanna inniu de réir mar a roinnimid smaointe agus straitéisí chun Éire chuimsitheach a bhaint amach.



# Cuid 5

# Imeachtaí na gceardlann

## Cuid 5: Imeachtaí na gceardlann

Roinneadh rannpháirtithe an Fhóraim i gceithre cheardlann chomhthreomhara chun príomhcheisteanna a phlé faoi shraith téamaí a léirigh an Sprioc Náisiúnta Shóisialta um Laghdú Bochtaineachta agus na spriocanna maidir le cuimsiú sóisialta agus fostaíocht i Straitéis na hEorpa in 2020. Ba iad ceithre théama na gceardlann ná Leanaí agus Daoine Óga; Dífhostaíocht agus Teaghlaigh gan Phost; Seanóirí agus Teacht ar Sheirbhísí; Leorgacht Ioncaim agus Bochtaineacht a Chosc.

Iarradh ar rannpháirtithe na ceisteanna seo a leanas a bhreithniú sa phlé:

- **Céard iad na príomhfhadhbanna atá ag daoine/pobail atá thíos le bochtaineacht, eisiamh sóisialta agus éagothroime maidir leis an téama?**
- **Cén tionchar a bheidh ag na polasaithe/cur i bhfeidhm ar dhaoine atá thíos le bochtaineacht, eisiamh sóisialta agus éagothroime?**
- **Céard iad na príomhfhadhbanna is gá a chur san áireamh sa PNA maidir le téama na ceardlainne?**
- **Cén chaoi a bhféadfadh an AE níos mó a dhéanamh le díriú ar na ceisteanna sa cheardlann?**

Rinneadh cur i láthair i ngach aon cheardlann chun tús a chur le plé ar na príomhcheisteanna maidir leis an téama ar leith. Bhí na torthaí tosaigh ó gach ceardlann curtha os comhair an tseisiúin iomlánaigh dheireanaigh ag rapóirtéir an Fhóraim. Tá cur síos thíos ar láithreoirí agus éascaitheoirí na gceardlann:

- **Leanaí agus Daoine Óga** arna héascú ag John-Mark McCafferty, Cumann Naomh Uinseann de Pól. Cur i láthair ag an Dr. Stella Owens, An tIonad um Sheirbhísí Éifeachtacha.
- **Dífhostaíocht agus Teaghlaigh gan Phost** arna héascú ag Oonagh McArdle, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Cur i láthair ag Frank Heffernan, Rannóg na Roinne Coimirce Sóisialaí san Iar-Dheisceart, agus Bríd O'Brien, Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe.
- **Seanóirí agus Teacht ar Sheirbhísí** arna héascú ag Margaret O'Riada, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe. Cur i láthair ag Ronan Toomey, Oifig na Seanóirí sa Roinn Sláinte, agus an Dr. Kieran Walsh, Ionad na hÉireann um Sheaneolaíocht Shóisialta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- **Leorgacht Ioncaim agus Bochtaineacht a Chosc** arna héascú ag Frances Byrne, OPEN. Cur i láthair ag Jim Walsh, An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Dr. Bernadette McMahon, An Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta.

## 5.1 Ceardlann ar Leanaí

### Cur i láthair

Thug an **Dr. Stella Owens, An tIonad um Sheirbhísí Éifeachtacha** forbhreathnú ar leibhéil éagsúla na hoibre idirghníomhaireachta chun torthaí a fheabhsú, amhail comhoibriú idir sholáthraithe seirbhíse agus comhtháthú - .i. nuair a chuimsítear seirbhísí éagsúla in eagraíocht amháin chun soláthar na seirbhísí sin a fheabhsú.

Tá fianaise ann a thugann le fios go mbíonn tionchar dearfach ag obair idirghníomhaireachta ar thorthaí, ach níl mórán fianaise ann faoi obair idirghníomhaireachta ar leanaí agus daoine óga. Maidir le pleanáil idirghníomhaireachta le haghaidh seirbhísí do leanaí, tugann an taithí idirnáisiúnta le fios go gcuimsíonn tréithe comónta a leithéid de struchtúir eagrú thart timpeall ar chreat torthaí ardleibhéil réamh-aitheanta, le fócas ar phleanáil straitéiseach seachas bainistíocht cásanna aonair. Anuas air sin, aithnítear go forleathan gur gá go leor ama a chaitheamh chun obair idirghníomhaireachta a bhunú. Ina leith seo, ar na dúshláin a bhaineann le hobair idirghníomhaireachta, tá; athruithe ar an gcás polaitíochta; sainorduithe, polasaithe, nósanna imeachta agus córais éagsúla i measc na ngníomhaireachtaí; agus leibhéil éagsúla gealltanais/glactha i measc na ngníomhaireachtaí.

Rinne an Dr. Owens cur síos ar chás-staidéar ar obair idirgníomhaireachta agus í á déanamh trí shampla na gCoistí Seirbhísí do Leanaí (CSLanna). Cuireann siad seo struchtúr ar fáil chun grúpa ilghnéitheach gníomhaireachtaí i gceantair údaráis áitiúil a thabhairt le chéile i gcomhphleanáil agus comhordú seirbhísí do leanaí, agus é mar chuspóir foriomlán torthaí forbarthacha a bhaint amach do leanaí. Cé nach leithdháiltear maoiniú ar leith do CSLanna, tá sé mar aidhm ag na Coistí go n-úsáidfí acmhainní reatha go héifeachtach. Chuige seo, féachann na CSLanna le bloghadh agus dúbailt seirbhísí a dhíchur, trí chomhoibriú níos éifeachtaí a chinntiú idir leanaí, daoine óga agus seirbhísí teaghlaigh, agus trí thionchar a imirt ar leithdháileadh na n-acmhainní chomh maith.

Tá CSLanna curtha ar bun in 19 gceantar údaráis áitiúil ó 2007. Is gá do gach CSL plean trí bliana a chruthú, ina leagtar amach próifíl shochdhéimeagrafach an cheantair, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar sheirbhísí a bhaineann le leanaí agus a aithníonn tosaíochtaí an cheantair. Bíonn ionadaí ó FSS nó ón nGníomhaireacht Acmhainní Leanaí agus Teaghlaigh mar chathaoirleach ar gach CSL, agus cuimsíonn sé seo ionadaithe ón údarás áitiúil, lucht oideachais, an tseirbhís phromhaidh, na Gardaí agus an earnáil phobail agus dheonach. Déanann Grúpa Stiúrtha na gCoistí Seirbhísí do Leanaí maoirseacht náisiúnta ar obair na CSLanna, agus déanann Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Leanaí (GFSNL) an mhaoirseacht chéanna ar leibhéal an rialtais.

Is é an rud atá foghlamtha ón bpróiseas ná gur gá am a chaitheamh chun na coistí a bhunú go daingean agus go bhfuil gá le lucht tacaíochta chun an obair a chur chun cinn. Tá gá chomh maith le bealaí comónta cuir chuige agus caighdeánú nósanna imeachta, rudaí a raibh cruthú foireann uirlisí do CSLanna mar thoradh orthu.

Tá ceist na fála atá ar shonraí go háitiúil aitheanta chomh maith, agus tá gá le hobair bhreise chun tacair shonraí a fhorbairt ag an leibhéal seo, rud is féidir a úsáid le cur le polasaí. Maidir leis na chéad chéimeanna eile, beidh tionchar mór ag bunú na Gníomhaireachta Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh agus ag athchóiriú an rialtais áitiúil ar obair na CSLanna. Chomh maith leis sin, beidh cur ar bun CSLanna sna húdaráis áitiúla go léir go náisiúnta ina chéim mhór.

## Tuairimí na Rannpháirtithe

Bhraith cuid mhaith de na rannpháirtithe go gcuirfí léargas luachmhar ar fáil don phróiseas trí leathnú a dhéanamh ar na bealaí cuir chuige atá bunaithe ar fhianaise chun eispéireas na ndaoine sa phobal a chur san áireamh. Rinneadh tagairt do ghrúpaí atá eisiata go sóisialta amhail leanaí lucht iarrtha tearmainn, daoine a ndéantar Soláthar Díreach dóibh agus cúramóirí, dreamanna ar dócha nach nglacfaidís páirt in ócáidí comhairliúcháin gan spriocdhíriú ar leith a bheith déanta orthu.

Maidir le hiniúchtaí, rudaí a chuireann le pleananna trí bliana na CSLanna, bhí tuairim ann gur gá dóibh seo cleachtas a nascadh le polasaí agus taighde. Ba chóir go gcuimseodh iniúchtaí comhairliúchán agus rannpháirtíocht pobail áitiúla sainleasa chomh maith.

Leagadh béim ar an ngá atá le leanúint ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar chomhoibriú idirghníomhaireachta, agus suntas á thabhairt don mhéid ollmhór oibre a bhfuil gá leis chun próiseas maith a bhaint amach. Anuas air sin, is gá do lucht bainistíochta agus lucht ceaptha polasaí a thuiscint gur cuid dá bpost é comhoibriú a chothú le gníomhaireachtaí eile - tá gealltanas caidreamh táirgiúil agus iontaoibh a fhorbairt mar ghné ríthábhachtach ina leith seo. Rinneadh tagairt do reachtaíocht na Gníomhaireachta Tacaíochta do Leanaí agus Teaghlaigh, rud ar gá clásal 'dualgas comhoibrithe' a chuimsiú inti.

Cuireadh ceist maidir leis an rud a tharlódh dá n-aithneofaí riachtanas ach mura bhfuil go leor acmhainní ar fáil le haghaidh seirbhísí breise? Taispeánadh nach bhfuil bac ar CSL cás a dhéanamh ar son infheistíocht bhreise i gcás go dtacaítear leis seo le fianaise, cé go ndéanann CSLanna soláthar le haghaidh comhoibriú go háitiúil.

Cuireadh ceist faoi fhianaise go mbíonn torthaí níos fearr ar bhealaí cuir chuige idirghníomhaireachta do leanaí (nó spriocghrúpaí eile) i gcodarsnacht le héifeachtúlacht do ghníomhaireachtaí. Thug na freagróirí le fios nach raibh an chuma air go bhfuil conclúidí soiléire ar bith ann maidir le torthaí spriocghrúpaí.

Aithníodh ceist na tacaíochta don aistriú ó bhunscolaíocht go meánscolaíocht mar réimse arbh fhiú comhoibriú idirghníomhaireachta a dhéanamh air. Maidir le leanaí agus daoine óga, cuireadh in iúl nár chóir deireadh a chur le tacaí óige nuair a shroichfidh duine óg 18 mbliana d'aois, agus tugadh suntas dó seo.

Aithníodh teacht ar sheirbhísí do ghrúpaí imeallaithe, amhail an Lucht Siúil, mar ábhar buartha. Díríodh aird ar an ngá atá le teacht ar sheirbhísí tacaíochta a chur chun cinn trí fheachtais eolais, go háirithe nuair atá méadú chomh mór sin tagtha ar fhéinmharú i measc na bhfear óg den lucht siúil, cás atá ina ábhar mór buartha. Ach aithníodh nach mbíonn daoine áirithe ag déileáil le soláthraithe seirbhíse agus go bhféadfaí déileáil leo ar bhealach níos éifeachtaí trí fhreagraí pobail agus líonraí teaghlaigh.

Aithníodh fadhb na ndaoine óga gan dídean, go háirithe sa chomhthéacs go bhfuil seirbhísí ar leith atá sainoiriúnaithe do dhaoine óga ó 18 go 25 bliain d'aois á gciorrú, in ainneoin taighde a léiríonn an gá atá lena leithéid de sheirbhísí. Ina leith seo, ní raibh an taighde ag cur leis na polasaithe go fiúntach, agus tá an chuma air go bhfuil dícheangal i gceist idir an fhianaise agus na cinntí polasaí a dhéantar. Ach tugadh suntas don chaoi gur minic nach mbíonn cinntí á ndéanamh ag na daoine siúd a bhíonn ag coimisiúnú an taighde.

Leagadh béim chomh maith ar an ngá atá le máithreacha óga a choinneáil ag gabháil d'oideachas. Bhraith cuid mhaith daoine go bhfuil an cheist seo á cur ar aghaidh ó roinn rialtais amháin go roinn rialtais eile arís agus arís eile. Ar an bhfáth áirithe sin, ba chóir comhordú níos fearr a dhéanamh ar na struchtúir go náisiúnta, agus ba chóir go mbeadh an comhordú seo le feiceáil go háitiúil chomh maith. Ina leith seo, tugadh suntas don chaoi gur gá comhordú náisiúnta a fheabhsú go fóill, in ainneoin go bhfuil grúpa trasrialtais ann (Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Leanaí).

Aithníodh soláthar na seirbhísí meabhairshláinte mar fhadhb, go háirithe an bhearna sna seirbhísí taobh amuigh d'uaireanta gnó do dhaoine óga. Is fachtóirí iad bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a lagaíonn meabhairshláinte an duine, mar sin, tá gá le timpeallacht thacúil chun folláine agus sláinte ghinearálta daoine óga a chur chun cinn. Bhraith cuid mhaith daoine go mbeadh tairbhe i gceist le scileanna saoil a fhorbairt agus deiseanna forbartha pearsanta a chur ar fáil do dhaoine óga, agus go gcuirfeadh sé seo le cur chuige dearfach i leith an tsaoil. Tá gá le cur chuige idir na gníomhaireachtaí éagsúla chomh maith le dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

Maidir le forbairt san AE, tugadh faoi deara go bhfuil dhá sprioc thábhachtacha um chuimsiú sóisialta i straitéis na hEorpa in 2020; ceann amháin a bhaineann leis an ráta fostaíochta agus ceann eile a bhaineann le laghdú na bochtaineachta. Ina theannta sin, tá moladh sa Phacáiste Infheistíochta Sóisialta dar teideal *Infheistíocht i Leanaí: An Timthriall Míbhuntáiste a Bhriseadh*, rud atá mar fhorbairt shuntasach san AE. Gné amháin den chur chuige seo ná freagra idirghníomhaireachta a chur chun cinn chun teacht ar sheirbhísí a fheabhsú.

Pléadh cur i bhfeidhm na Ráthaíochta Óige, rud a thugann ar bhallstáit a chinntiú go dtairgtear fostaíocht, oideachas nó deiseanna oiliúna do dhaoine faoi 25 bliain d'aois taobh istigh de cheithre mhí tar éis dóibh a bpost a chailleadh. Tugadh suntas don chaoi ar gá do réimse leathan gníomhaireachtaí a bheith páirteach (a bhfuil

acmhainní imleora acu) chun Ráthaíocht Óige a chur i bhfeidhm, agus gur chóir iad seo a spreagadh le cur chuige ar bhonn idirghníomhaireachta ar mhaithe le dúbailt a sheachaint. Ciallóidh sé seo go mbeidh ar sheirbhísí fostaíochta comhoibriú le seirbhísí obair óige, rud nach bhfuil tarlaithe mórán go dtí seo.

Léiríonn an fhadhb trína bhféadfadh soláthraithe seirbhíse a bheith faoi shrianta acmhainní, nó cur i bhfeidhm spriocanna is araile, léiríonn sé seo an gá atá le teacht ar réitigh ón mbonn aníos. D'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag grúpaí pobail agus deonacha ina leith seo.

### Príomhphointí:

- Formhuiníodh an tábhacht atá le cur chuige éifeachtach idirghníomhaireachta, lena n-áireofaí eagraíochtaí pobail agus deonacha, mar phríomh-mhodh chun seirbhísí agus creata polasaí a sholáthar. Ina leith seo, tugadh suntas do cheist na sláinte agus folláine (meabhairshláinte san áireamh) agus do cheist sholáthar an eolais áitiúil mar cheisteanna cuí don chur chuige idirghníomhaireachta seo.
- Aithníodh an gá atá le grúpaí imeallaithe a éascú i bpróisis chomhairliúcháin agus le bheith páirteach i bpróisis idirghníomhaireachta.
- Luadh an tábhacht atá le Ráthaíocht Óige atá dea-chomhtháite agus a bhfuil go leor acmhainní curtha ar fáil di. Ciallóidh sé seo go mbeidh gá le naisc láidre idir na seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí óige, agus ba chóir go gcuimseodh sé gné láidir forbartha agus chumhachtaithe phearsanta. Ach measadh gur maith an seans gur gá an cur chuige seo a thosú roimh 18 mbliana d'aois.

## 5.2 Ceardlann ar Sheanóirí

### Cur i láthair

Rinne **an tUas. Ronan Toomey, Príomhoifigeach Cúnta, An Oifig um Sheanóirí, An Roinn Sláinte**, rinne sé cur síos ar pholasaí an rialtais maidir le seanóirí, is é sin, tacú le daoine cónaí sa bhaile agus pé uair is gá, tacú le teacht ar chúram cónaitheach ar ardchaighdeán. Tá sé mar aidhm ag an Roinn Sláinte agus ag FSS daoine a choinneáil sláintiúil agus a chinntiú go bhfuil siad cumhachtaithe, agus go gcaitear go cothrom leo trí sheirbhísí éifeachtúla atá dírithe ar othair.

Ar na forbairtí reatha polasaí atá ann faoi láthair, tá triail Uirlis Aonair Mheasúnaithe (UAM) le haghaidh pleanáil cúraim, athbhreithniú ar scéim thacaíochta tithe altranais 'Fair Deal' agus Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí a leagfaidh amach fís an rialtais maidir le cúramóirí. Forbairtí a bheidh ann amach anseo ná cur i bhfeidhm 'Éire Shláintiúil', creat gníomhaíochta chun na rioscaí atá ag bagairt ar ghlúine amach anseo a laghdú, Straitéis Náisiúnta um Dhul in Aois Dearfach agus Straitéis ar Néaltrú. Tá breithniú á dhéanamh chomh maith ar rialú a dhéanamh ar earnáil an Chúraim Bhaile.

Ar aon dul le cuid mhaith tíortha eile san Eoraip, tá an sciar de dhaonra na hÉireann atá os cionn 65 bliain d'aois nó os a chionn ag dul i méad agus beidh impleachtaí i gceist leis seo ó thaobh éilimh agus ionchais de amach anseo. Is rud casta ilghnéitheach é dul in aois ghníomhach, agus beidh gá le pleanáil polasaí agus bainistíocht a dhéanamh ar fhostaíocht agus dul ar scor, foghlaim ar feadh an tsaoil, seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta, cúramóirí agus cúram, iompar, tithíocht, srl ina leith. Beidh impleachtaí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha ag baint leo sin go léir.

Rinne an **Dr. Kieran Walsh, Stiúrthóir Cúnta, Ionad na hÉireann um Sheaneolaíocht Shóisialta, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh,** rinne sé cur síos ar eisiamh sóisialta seanóirí mar shraith chasta próiseas a chuimsíonn easpa nó diúltú acmhainní, caidrimh, ceart agus deiseanna i ngach réimse den saol, rud a théann i bhfeidhm ar dhaoine aonair, grúpaí agus pobail. Athraíonn rannpháirtíocht shóisialta agus caidreamh sóisialta agus d'fhéadfadh uaigneas agus aonrú a bheith mar thoradh air seo. Athraíonn comhéadain le seirbhísí chomh maith ó thaobh an tsaoil laethúil agus cúram sláinte agus sóisialta de, rud a thugann leochaileacht isteach maidir le ciorruithe déine. Bíonn tábhacht mhéadaitheach le hiompar agus gluaisteacht chun neamhspleáchas, ceangail shóisialta agus teacht ar sheirbhísí a chothú, rudaí a imríonn tionchar ar fhéinriar agus féinmheas. Bíonn tábhacht níos mó le sábháilteacht, slándáil agus coireacht, cás a chruthaíonn eagla, rud a théann i bhfeidhm ar rannpháirtíocht agus braistint chuimsithe dá bharr.



Ach tá an chaoi a n-imríonn réimsí seo an eisiaimh shóisialta tionchar ar dhaoine faoi réir áit chónaithe - uirbeach, faoin tuath, ceantar atá thíos le díothacht srl., - agus fachtóirí ilghnéitheachta ar leith amhail aois, inscne, míchumas, mionlach eitneach, fachtóirí riosca agus difríochtaí sa chaoi a gcruthaítear an t-eisiamh sóisialta. Príomhtheachtaireachtaí atá ann ná: 1) cuimsíonn eisiamh sóisialta fachtóirí aonair (m.sh. iompar, stádas sláinte nó acmhainní), agus fachtóirí institiúideacha chomh maith (m.sh. easpa tacaí agus cosaint stáit, polasaí neamhleor) agus fachtóirí sóisialta (m.sh. noirm shochaíocha, luachanna agus creidimh i leith seanóirí. (2) is gá athrú i dtreo samhail iomlán rannpháirtíochta do sheanóirí a aithníonn nach iad seirbhísí nó cúram sláinte amháin a bhaineann le heisiamh sóisialta ó thaobh aoise de, ach gach réimse den saol; (3) an gá atá le héagsúlacht daoine a aithint, agus na háiteanna a bhfuil cónaí orthu, ó thaobh cleachtais agus polasaí de araon; (4) caithfidh seanóirí a bheith san áireamh ag gach leibhéal le dul i ngleic le heisiamh a bhaineann le haois ( m.sh. taighde, cleachtas, polasaí) - ní faighteoirí éighníomhacha iad seanóirí.

## Tuairimí na Rannpháirtithe

Glaodh ar an ngá atá le staidreamh bochtaineachta a nascadh le saol na ndaoine a mbaineann na sonraí leo. Cuireadh in iúl chomh maith gur gá do lucht ceaptha polasaí a léiriú go bhfuil siad ag tabhairt airde ar, agus ag tabhairt freagra ar fhadhbanna bochtaineachta.

Tarraingíodh ionadaíocht lag pobail áitiúil sna fóraim phríomhchinnteoireachta anuas mar cheist láithreach. Bhraith daoine áirithe go bhfuil gá le bonn reachtúil a chur leis na Fóraim áitiúla Pobail agus Deonacha má tá siad le bheith in ann tionchar a imirt ar chinntí seirbhíse áitiúla. Díríodh aird chomh maith ar an bhfolús a cruthaíodh le deireadh an Choiste um Bearta Cuimsithe Shóisialta, agus an easpa dul chun cinn i gcruthú na gCoistí Socheacnamaíocha nua atá le bheith curtha in áit na mBord Forbartha Cathrach/Contae.

Cuireadh ceist faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na bearta reatha frith-bhochtaineachta do sheanóirí ag déanamh gannmheasa ar oiread na bochtaineachta agus díothachta i measc seanóirí. An dtarlaíonn sé seo toisc go bhfuil na modhanna taighde agus tomhais neamhleor nó neamhfhóirsteanach? Mar shampla, is ceist mhór í inacmhainneacht na seirbhísí do sheanóirí, agus níl an chuma air go ndírítear air seo sna freagraí polasaí. Is léir go gcumasódh tomhas níos fearr ar bhochtaineacht i measc seanóirí nasc níos comhleanúnaí idir an gá agus an freagra air sin.

Bhí daoine ar aon intinn faoin ngá atá le hioncam agus seirbhísí poiblí a bhaint amach do sheanóirí nuair atá laghdú leanúnach á dhéanamh ar an soláthar.

Glaodh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtomhaistear teacht ar earraí agus seirbhísí do sheanóirí. Ceist chuí a cuireadh ná: an bhfeabhsódh treoir nua an AE ar Earraí agus Seirbhísí teacht ar sheirbhísí do sheanóirí, dá n-aistreodh agus dá gcuirfeadh an rialtas i bhfeidhm é? Bhí daoine eile fiosrach maidir le cé

acu an bhfeidhmeodh nó nach bhfeidhmeodh tabhairt isteach rialacháin, amhail an rialachán a tugadh isteach chun an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta a fhorfheidhmiú, an bhfeidhmeodh sé mar dhreasacht chun an teacht a fheabhsú agus éagothroime ar bhonn aoise a laghdú?

Leagadh béim ar an easpa tithíochta oiriúnaí saincheaptha do sheanóirí. Is léiriú é seo ar easpa smaointeoireachta comhleanúnaí sa pholasaí tithíochta, sláinte agus iompair idir na ranna.

Is ceist mhór í an obair sláinte atá ar siúl ag an earnáil phobail, go háirithe i gcláir phiarthreoraithe, nuair atá dochar ollmhór á dhéanamh don earnáil le ciorruithe. Cuireann an éiginnteacht faoi mhaoiniú teorainn le saolré na dtionscadal, leis an deis forbairt bhreise a dhéanamh ar an infheistíocht shóisialta a dhéantar, agus laghdaíonn sé an t-aistriú eolais is féidir a dhéanamh.

Bhí buairt fhorleathan ann faoi phríobháidiú seirbhísí poiblí. Ar aon dul le réimsí soláthair eile, amhail árachas príobháideach sláinte agus dramhaíl tí, tá líon mór pacáistí ar fáil do sheanóirí agus iad á gcur chun cinn, nuair is minic nach bhfuil siad oiriúnach do riachtanais ar leith. D'fhéadfaí seo a réiteach trí dheis a chur ar fáil do sheanóirí sa phobal dul faoi oiliúint ar mhaithe le bheith mar bhróicéirí faisnéise.

B'ábhar buartha ar leith é príobháidiú na seirbhísí i gcomhthéacs difríochtaí réigiúnacha sa teacht ar sheirbhísí. Is gnách do chonraitheoirí príobháideacha seirbhísí a sholáthar ar bhealach costéifeachtach agus d'fhéadfadh líon laghdaithe ionaid seirbhísí a bheith mar thoradh air sin. D'fhéadfadh sé seo aonrú a mhéadú i measc seanóirí ós rud é nach bhfuil teacht imleor ag seanóirí i bpobail tuaithe ar sheirbhísí iompair. D'fhéadfadh samhlacha fiontraíochta sóisialta a bheith úsáideach ina leith seo, ach ní bhaineann na soláthraithe reachtúla úsáid rialta astu, agus tá ceisteanna ann maidir leis an gcaoi a ndéantar measúnú ar a n-éifeachtacht.

Glaodh ar phlean nua sláinte chomh maith chun an Lucht Siúil a chomhtháthú ar bhonn níos cuimsithí sa chóras cúram sláinte, mar shampla, níl na socruithe cúram baile do sheanóirí oiriúnach do na socruithe maireachtála atá ag an Lucht Siúil. Ní rachaidh an Uirlis Aonair Mheasúnaithe (UAM), rud atá bunaithe ar riachtanais, ní rachaidh sé i bhfeidhm ar fhadhbanna sláinte cuid mhaith grúpaí imeallaithe ach amháin má léiríonn sé ilghnéitheacht chultúrtha.

Bhí an tuairim ann gur gá don Straitéis Náisiúnta Cúramóirí a bheith leathnaithe ar mhaithe le dul i ngleic le fadhbanna an aonraithe agus gaistí bochtaineachta. Ní léiríonn ciorruithe buiséid a rinneadh le déanaí feasacht mhaith ar chostais bhreise an chúraim sa bhaile – m.sh. an gá le tuilleadh teasa. Beidh tionchar bochtaineachta ag táillí uisce chomh maith. Is seanóirí iad an chuid is mó cúramóirí iad féin, agus iad ag tabhairt aire do pháirtnéir atá níos sine nó leanaí faoi mhíchumas atá ina ndaoine fásta anois. Nuair a fhaigheann cúramóir bás, bíonn teorainn le réimse na roghanna tacaíochta poiblí agus bíonn cúram cónaitheach mar phríomhfhreagra.

I gcás ar bith go léirítear seanóirí mar ualach ar an tsochaí seachas luach agus cion oibre seanóirí a léiriú, tá neamhaird á tabhairt ar an gcaoi go bhfuil ilghnéitheacht ollmhór agus cumas is féidir a thaispeáint i measc seanóirí, rudaí is cóir a chur san áireamh i bpleanáil le haghaidh daonra atá ag dul in aois. Cuireann sé seo deis agus dúshlán os ár gcomhair maidir le díriú ar riachtanais éagsúla seirbhíse ag céimeanna éagsúla den timthriall a bhaineann le dul in aois.

Agus iad ag freagairt na ceiste faoin méid a d'fhéadfadh an AE a dhéanamh le dul i ngleic le fadhbanna atá ag seanóirí, bhí go leor daoine ag rá gurb í an cheist ná cén chaoi a n-úsáideann Éire na tacaí atá ar fáil ón AE tríd an gCiste nua Infheistíochta Sóisialta.

Príomhphointí:

- Tá gá le luach agus cion oibre seanóirí a aithint agus an chaoi le heolas, comhbhá agus léirthuiscint a mhalartú idir na glúine a aithint.
- Tá gá le hinfheistíocht imleor agus tosaíocht a dhéanamh de riachtanais seanóirí. Tá daonra na hÉireann (agus na hEorpa) ag dul in aois go tapa – méadóidh líon na seanóirí faoi thrí go 1.4m faoi 2041, rud a chiallaíonn gur gá machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a soláthrófar seirbhísí poiblí do sheanóirí amach anseo. Is léir gur fachtóir ríthábhachtach é costas na seirbhísí agus an chaoi ar féidir íoc astu seo.
- Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí chun bochtaineacht a thomhas i measc seanóirí, ós rud é go bhfuil buairt ann go bhfuil gannmheas á dhéanamh ar bhochtaineacht agus nach ndéantar leithdháileadh imleor di sa soláthar reatha.
- Mar fhocal scoir, tá gá leanúnach le cur in aghaidh leithcheala ar bhonn aoise.

## 5.3 Ceardlann ar Dhífhostaíocht agus Teaghlaigh Gan Phost

### Cur i láthair

Dhírigh **an tUas. Frank Heffernan, An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS), Rannóg an Iar-Dheiscirt**, dhírigh sé aird ar thuarascáil a d'fhoilsigh ITES le déanaí ina dtaispeántar go bhfuil 22 faoin gcéad de dhaonra na hÉireann i dteaghlaigh gan phost, rud a chiallaíonn go bhfuil siad i mbaol bochtaineachta. Dhírigh an tuarascáil aird chomh maith ar thábhacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus iad ar an mbealach is éifeachtaí chun bochtaineacht a laghdú, fad is a mhol sí gníomhachtú margadh oibre mar réiteach fadtéarmach. Tá torthaí na tuarascála tábhachtach i bhfianaise fhigiúirí díomácha an Bheochláir, rud a léiríonn go bhfuil 430,000 duine ag síniú air, agus go bhfuil 43 faoin gcéad acu ar an mBeochlár ar feadh bliana nó níos mó; seo dúbailt líon na ndaoine atá air le dhá bhliain anuas.

Tá dhá phríomhbhealach tacaíochta ag an RCS do dhaoine dífhostaithe agus teaghlaigh gan phost:

1. Leas Sóisialach - ioncam agus tacaí eile a chur ar fáil
2. Gníomhachtú agus Conairí chun Oibre - daoine a chumasú le bheith páirteach agus dul san iomaíocht chun post a fháil

Is éard atá i gceist le gníomhachtú ná daoine a athrú ó leas sóisialach go hobair, agus bíonn pionóis airgid i gceist mura mbítear ag cloí leis, ach cinntíonn sé chomh maith go dtugtar deiseanna do dhaoine dífhostaithe scileanna agus/nó cáilíochtaí oideachais oiriúnacha a fháil. Cuirtear leis seo trí theagmháil fheabhsaithe idir an RCS agus fostóirí.

Is é Intreo an mheicníocht atá á cur i bhfeidhm ag an RCS chun an tseirbhís a chur ar fáil do dhaoine dífhostaithe. Soláthraíonn Intreo próifíliú cliant, seisiúin teagmhála le duine aonair agus grúpaí, treoir gairme agus tacaíocht chun post a lorg, comhairle ar dhreasachtaí agus tacaí fostaíochta, eolas agus teacht ar chláir oiliúna agus oideachais, atreorú go dtí an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla (LES). Ar na tacaí cliathánacha atá ann, tá Fostaíocht Phobail (FP), An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (LFFO), Intéirneacht JobBridge, An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) agus an Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT).

Rinne **an tUas. Bríd O'Brien, Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe**, rinne sí cur síos ar ráta ard na dteaghlach gan phost in Éirinn mar fhadhb struchtúrtha toisc na fachtóirí a théann i bhfeidhm air - dífhostaíocht ó ghlúin go glúin, easpa scileanna agus gnóthachtála oideachais, míchumas agus tuistiú aonair - níor díríodh go himleor orthu seo nuair a bhí fás láidir eacnamaíoch sa tír.

Tarraingíodh roinnt ceisteanna anuas faoi na freagraí polasaí atá á dtabhairt ag an rialtas. Ní hionann dul i ngleic le fadhb na dteaghlach gan phost agus dul i ngleic le dífhostaíocht, agus an féidir talamh slán a dhéanamh de gur modh é gníomhachtú margadh saothair le héalú ó bhochtaineacht go fadtéarmach nuair atá go leor bochtaineachta ioncaim sa mhargadh saothair. Má táthar chun dul i ngleic le bochtaineacht agus dífhostaíocht ar bhealach inbhuanaithe, caithfear sainmhíniú níos leithne a dhéanamh ar dhífhostaíocht, infheistíocht a dhéanamh i bpobail ina bhfuil ardleibhéil dífhostaíochta (seachas ciorrú a dhéanamh ar bhuiséid bheaga) agus bealach níos réidhe a chinntiú ó leas sóisialach go hobair trí aistriú sóisialta.

Beidh polasaí an Rialtais le dul i ngleic le dífhostaíocht á sholáthar ag an RCS, agus cuimseoidh sé seo Seirbhísí Fostaíochta agus Pobail, seirbhísí a bhí curtha ar fáil ag FÁS agus ag an gcóras Leasa Fhorlíontaigh roimhe seo. Cuimseoidh sé Conairí chun Oibre, cur i bhfeidhm shamhail Intreo agus athbhreithniú ar scéimeanna tacaíochta fostaíochta. Tá ceithre sprioc ag Conairí chun Oibre:

1. Go mbeidh 75,000 de na daoine sin atá dífhostaithe go fadtéarmach faoi láthair éirithe as an mBeochlár faoi 2015
2. Is é an fad meánach a bheidh i gceist le cásanna nua de dhaoine dífhostaithe a gheobhaidh íocaíochtaí do Chuardaitheoirí Poist ná 12 mhí ( 21+ mí faoi láthair)
3. Líonfar comhréir mheádaitheach folúntas (40 faoin gcéad) trí Sheirbhísí Fostaíochta an RCS ón mBeochlár
4. Cabhróidh sé seo leis an RCS a sprioc coigilteas caiteachas leasa shóisialaigh a bhaint amach

Chuir Bríd clabhsúr air trí bhéim a leagan ar roinnt ceisteanna tábhachtacha:

- Tá na hathruithe a bhfuil cur síos orthu i bpolasaí an rialtais dírithe ar an mBeochlár - cé chomh hinaistrithe agus inoiriúnaithe is a bheidh an tsamhail i laghdú líon na dteaghlach gan phost?
- Is cinnte go bhfuil páirt ag an obair i ndul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, ach caithfidh obair fhiúntach a bheith i gceist.
- Ní éireoidh le gníomhachtú ach sa chás go bhfuil an tseirbhís dírithe ar dhaoine agus go bhféachann sé le freastal ar a riachtanais. Tá ríthábhacht le prionsabail an chomhionannais agus an chuimsithe shóisialta sa mhéid sin.

## Tuairimí na Rannpháirtithe

Cuireadh ceisteanna faoi na cuspóirí faoi choimhlint a rialaíonn an polasaí gníomhachtaithe - .i. iarracht ar dhul i ngleic le leibhéil dífhostaíochta fad is a dhéantar iarracht costais ar an gcóras leasa shóisialaigh a laghdú. Bhí an tuairim ann go bhfuil an choimhlint seo le feiceáil cheana sna tacaí do ghníomhachtú.

Bhí dearcadh ann go bhfuil na straitéisí agus spriocanna fostaíochta dírithe orthu siúd atá ar an mBeochlár, fad is a thugtar neamhaird ar dhaoine a fhaigheann Liúntas Míchumais. Bhain eagla ar leith leis an Sochar Cumais Pháirtigh, ós rud é go bhfuil baint na díolúine mar bhac ar dhaoine faoi mhíchumas.

Tá réimse riachtanais tacaíochta éagsúla ar dhaoine fásta gan phost amhail tuismitheoirí aonair agus daoine fásta ar bheagán litearthachta chomh maith, agus is cóir iad seo a chur san áireamh nuair a bhíonn bearta gníomhachtaithe á dtairiscint.

Bhí daoine áirithe ag maíomh go bhfuil JobBridge á úsáid ag fostóirí chun poist lánaimseartha a líonadh. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chuid de na cleachtais feidhmithe agus monatóireacht chuí a dhéanamh ar JobBridge.

Chuir cuid mhaith daoine ceist faoin bhfáth a bhfuil easpa teagmhála ag daoine dífhostaithe leis an RCS/Intreo agus tionscnaimh gníomhachtaithe. Bhraith cuid acu go bhfuil na liostaí feithimh rófhada agus bhí daoine eile buartha go bhfuil fir áirithe thíos le fadhbanna meabhairshláinte amhail dúlagar agus baol féinmharaithe mar gheall ar a leochaileacht. Ar na fadhbanna a aithníodh, bhí easpa deiseanna fostaíochta, gá le taithí oibre d'iontrálaithe nua sa mhargadh saothair agus neamhréir post/scileanna.

Tugann cur i bhfeidhm an ghníomhachtaithe fadhbanna eolais/cumarsáide le fios, chomh maith le heaspa treorach do dhaoine. Tá an chuma air go bhfuil cuid de seo ag teacht aníos mar gheall ar fhoghlaim/oiliúint mhíchothrom d'fhoireann an RCS. Caithfear an méid seo a chur san áireamh in éineacht le leochaileacht daoine nuair atá siad dífhostaithe.

Bhí tuairim ann nach bhfuil deiseanna cothroma ann chun leas a bhaint as Intreo/ bearta gníomhachtaithe idir na daoine i gceantair thuaithe agus uirbeacha. Tá gá le tacaí breise i gceantair thuaithe le teagmháil a dhéanamh le bearta gníomhachtaithe.

Ós rud é go bhfuil srianta agus brúnna ama i gceist le cur i bhfeidhm Intreo/Conairí chun Oibre, braitheadh gur cóir breithniú a dhéanamh ar chuid de fhreagrachtaí gníomhachtaithe an RCS a asfhoinsiú. Thabharfadh sé seo deis do chomhphobail/ Tionscadail Forbartha Pobail (TFPanna) páirt a ghlacadh i gcláir gníomhachtaithe príomhshrutha. Ach tá riosca i gceist le hasfhoinsiú chomh maith. Tóg eispéireas an RA mar shampla, nuair a asfhoinsíodh conarthaí go conraitheoirí móra príobháideacha, rud a chiallaigh gur baineadh daoine go sealadach den mhargadh saothair gan feabhsú ar bith a bheith déanta ar a gcás ar deireadh.

Ó thaobh oiliúint asfhoinsithe de, chuir cuid mhaith daoine in iúl gur gá an fócas a athrú ó íocaíocht ar thorthaí socraithe, toisc nach bhfuil sé réalaíoch a bheith ag súil leis go gcuirfeadh cláir ghníomhachtaithe an toradh céanna ar fáil do chliaint éagsúla. Tá riachtanais éagsúla ar chliaint éagsúla agus tosaíonn siad ó staideanna éagsúla. Nuair a chuirtear teorainneacha torthaí ar leith le cláir amhail Móiminteam, d'fhéadfaí dul i bhfeidhm ar na heagraíochtaí atá toilteanach a bheith páirteach ann - seans nach mbeadh comhlachtaí beaga sásta a bheith páirteach, rud a chiallódh go mbeadh níos lú nuálaíochta i gceist leis na cúrsaí a bheadh ar tairiscint.

Bhí go leor daoine ag ceapadh go mbeadh gníomhachtú níos éifeachtaí dá mbeadh teagmháil dheonach i gceist, agus dúirt siad gur chóir go gcuimseodh bearta gníomhachtaithe píolótacha a úsáideann TÚS nó FP ceadúnas éigin chun féindearadh a dhéanamh ar chúrsaí, le freastal do riachtanais cliant.

Aithníodh an gá atá le plé ar an gcineál post atá á chruthú don gheilleagar amach anseo mar cheist atá nasctha go láidir le réiteach na neamhréire post/scileanna atá ag tarlú faoi ghníomhachtú cheana féin. Chuirfeadh a leithéid de phlé deis ar fáil chun foghlaim ó eispéireas idirnáisiúnta a chur san áireamh, agus tús a chur le straitéisí difriúla a chuardach, amhail deiseanna comhpháirtíochta poiblí-príobháidí.

Bhí an dearcadh ann go bhfuil an staid eacnamaíoch faoi láthair ag dul i bhfeidhm go díobhálach ar an bhféinfhostaíocht mar rogha fostaíochta. Níl daoine in acmhainn na rioscaí a bhaineann le comhlachtaí nua a bhunú a ghlacadh mar gheall ar a gcruachás airgid féin. Ní chabhraítear leis seo leis an easpa teachta ar scéimeanna leasa shóisialaigh agus an teip dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le hárachas sóisialach (FIT agus an ráta ard ÁSPC) a d'fhéadfadh tacú le féinfhostaíocht.

Bhraith cuid mhaith daoine go raibh ciorruithe ar dheontais ar leith ag dul i bhfeidhm go díobhálach ar dheiseanna fostaíochta chomh maith. Mar shampla, d'fhéadfadh poist mhalartacha d'oibrithe foirgníochta a bheith mar thoradh ar mhéideanna dheontais ÚFIÉ a choinneáil nó a threisiú. Chomh maith leis sin, tá srian curtha le cumas na TFPanna a bheith ina dtiománaithe nuálaíocha fostaíochta malartaí tríd an ngeilleagar sóisialta mar gheall ar na ciorruithe leathana ar a mbuiséid. Bhraith cuid mhaith daoine go bhféadfadh an geilleagar sóisialta deiseanna cruthaithe fostaíochta a thairiscint, ach ní raibh aon pholasaí chun an earnáil fostaíochta áirithe seo a fhorbairt le feiceáil.

Leagadh béim ar an tábhacht atá le cuardaitheoirí poist a choinneáil gníomhach fad is nach bhfuil siad ag obair. Ar an bhfáth sin, ní mór don Roinn deiseanna i bpobail áitiúla a fhiosrú, chomh maith le háiteanna fálaithe a sholáthar i scéimeanna amhail TÚS. Ba chóir díriú ar cheisteanna amhail meabhairshláinte sula mbíonn daoine páirteach i gcláir gníomhachtaithe, ach ní tharlóidh sé seo ach sa chás go bhfuil creat polasaí ann le tacú leis.

Bhí dearcadh ann go bhfuil athruithe ar scéimeanna FP tar éis fachtóir diúltach a thabhairt isteach, ós rud é go bhfuil seirbhísí agus tacaí atá á gcur ar fáil faoi láthair taobh istigh dá leithéid de scéimeanna á ngearradh nó á laghdú. Leagadh béim ar an ngá le foghlaim ó chur i bhfeidhm na scéimeanna reatha, mar shampla, in ainneoin buarthaí a bhí ann ar dtús, d'éirigh níos fearr le cur i bhfeidhm TÚS ná mar a bhíothas ag súil leis.

**Príomhphointí:**

- Tá an polasaí um Ghníomhachtú/Conairí chun Oibre i bhfeidhm anois, ach ciallaíonn athruithe leanúnacha sna hinstitiúidí soláthair go bhfuil an cur i bhfeidhm deacair agus tá neamhréireanna forfheidhmithe ann is gá a réiteach.
- Tá Intreo dírithe ar dhaoine ar an mBeochlár, ach is gá grúpaí imeallaithe amhail daoine faoi mhíchumas agus daoine eile i dteaghlaigh gan phost a chur san áireamh chomh maith.
- Is riachtanas bunúsach de chuid na seirbhíse é eolas soiléir agus beacht ó fhoireann atá oilte go cuí agus atá in ann caidreamh measúil a chruthú.
- Ba chóir cumarsáid idir ranna/Intreo agus an earnáil phobail, rud atá in ann cuid de na tacaí boga riachtanacha a sholáthar, ba chóir an chumarsáid seo a neartú.
- Ba chóir go mbeadh rogha mar phrionsabal oibriúcháin do dhul chun cinn cliant atá páirteach i ngníomhachtú.

## 5.4 Ceardlann ar leorgacht ioncaim agus bochtaineacht a chosc

### Cur i láthair

**Thug an tUas. Jim Walsh, An Roinn Coimirce Sóisialaí** forbhreathnú ar an bpolasaí ar leorgacht ioncaim agus bochtaineachta a bhí ceaptha de réir mholtaí an Choimisiúin um Leas Sóisialach, na Straitéise Náisiúnta Frith-Bhochtaineachta agus a comharbaí, agus de réir mholtaí an AE ar ioncam íosta.

Tháinig feabhsuithe móra sa tréimhse ó 2000 go 2009 ar rátaí íosta leasa shóisialaigh agus tacaíocht ioncaim do leanaí, rudaí ar tháinig méaduithe 110 agus 120 faoin gcéad orthu faoi seach i rith tréimhse nuair a tháinig méadú 30-50 faoin gcéad ar phraghsanna/pá. Tá sé mar thoradh air seo go bhfuil méadú ar luach na meánlíne bochtaineachta 60 faoin gcéad, chomh maith le cóineasú leis an leibhéal íosta ioncaim do dhuine fásta. Ar an drochuair, tá dul ar gcúl áirithe tarlaithe ó 2010 mar gheall ar an gcás fioscach.

Tá tionchar an aistrithe shóisialta i bhfad níos mó in Éirinn go fóill ná mar atá sé i dtíortha eile san Eoraip, agus tá sé seo tar éis cuid mhaith daoine a shaoradh ó bhochtaineacht - is é an éifeacht atá ann ná 60 faoin gcéad de na daoine i mbaol bochtaineachta a ardú os cionn leibhéal an bhaoil. Mar sin, tá an córas leasa shóisialaigh mar chobhsaitheoir uathoibríoch fad is atá an ghéarchéim eacnamaíoch ann. In ainneoin an ghá atá le laghdú a dhéanamh ar an mbuiséad leasa shóisialaigh le cabhrú leis an easnamh fioscach a laghdú, tá an buiséad foriomlán leasa shóisialaigh tar éis méadú ó 2008.

Luann an creat polasaí Eorpach ar dhífhostaíocht leorgacht ioncaim, chomh maith le seirbhísí agus gníomhachtú i gcur chuige um 'chearta agus freagrachtaí', agus tá sé seo le feiceáil i gcomhtháthú FÁS agus na Seirbhíse Leasa Pobail, agus in atheagrú an RCS.

Leag **an tSiúr Bernadette McMahon, an Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta (CUCS)**, leag sí amach dhá aidhm an CUCS, is iad sin, dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh trí rannpháirtíocht vótálaithe, agus trí Chaighdeán Íosta Riachtanach Buiséid a fhorbairt do chineálacha teaghlach in Éirinn, agus é bunaithe ar chaiteachas agus ioncam. Bunaíonn an t-eolas ar chaiteachas an tagarmharcáil maidir le riachtanais teaghlaigh, agus déantar seo a thomhas in aghaidh an ioncaim teaghlaigh. Déanann sonraí an Chaighdeáin Íosta Riachtanaigh Buiséid cur síos ar riachtanais íosta chaiteachais cineálacha éagsúla teaghlaigh, agus tagarmharcáil á soláthar lenar féidir leorgacht ioncaim ó thacaí leasa shóisialaigh agus ó fhostaíocht ísealioncaim a thomhas.

Nuair a dhéantar comparáid idir caiteachas/cás ioncaim 2012 agus an caiteachas agus athruithe réamh-mheasta ar ioncam maidir le 2013 sa Bhuiséad deireanach, léirítear go bhfuil easnaimh ioncaim i gcomparáid le caiteachas tar éis méadú go mór, go háirithe i gcás na dteaghlach ina bhfuil leanaí atá níos sine (10 agus 15 bliana d'aois).

Is iad na teaghlaigh a bhfuil easnamh comhsheasmhach léirithe ina leith ná:

- Teaghlaigh ina bhfuil leanaí agus atá ag brath ar leas sóisialach
- Daoine fásta singile atá dífhostaithe
- Pinsinéirí ina gcónaí ina n-aonar

Agus an taighde polasaí seo atá bunaithe ar fhianaise á chruthú acu, is féidir leis an CUCS a léiriú cén chaoi ar féidir leis an gcaighdeán ioncaim íosta athrú mar gheall ar athruithe ar sheirbhísí, tacaí ioncaim agus athruithe cánachais, rud a aithníonn gaistí bochtaineachta agus bearnaí/laigí sa soláthar leasa shóisialaigh.
Príomhcheisteanna polasaí a eascraíonn ón obair seo ná:

- Ní athraíonn Tacaí Ioncaim do Leanaí go himleor i rith óige an linbh
- D'fhéadfadh teacht ar sheirbhísí inacmhainne ar ardchaighdeán (cúram leanaí, sláinte, oideachas srl.) laghdú suntasach a

dhéanamh ar chostas caighdeán riachtanach íosta maireachtála

- Ní fhaigheann pinsinéirí a bhfuil cónaí orthu ina n-aonar ioncam imleor ón bpinsean stáit agus ón Liúntas do Mhaireachtáil Aonair

Tá sé i gceist ag an CUCS cur leis an obair seo agus í a fhorbairt, agus iad ag díriú ar choincheap Pá Beatha, scrúdú ar 'ghaistí bochtaineachta' agus 'gaistí pá ísil', athruithe a rianú de réir a chéile agus páirt a ghlacadh i bhforbairt Caighdeáin Íosta Ioncaim san Eoraip.

## Tuairimí na Rannpháirtithe

Labhair daoine ar an dícheangal méadaitheach idir lucht saibhris agus lucht daibhris. D'aithin siad go bhfuil teaghlaigh mheánioncaim thíos le cuid mhaith de na fadhbanna céanna le daoine ar bheagán ioncaim, ach go bhfuil an tionchar réasúnta difriúil i gcás na ndaoine siúd atá ar, nó díreach os cionn na líne bochtaineachta. In ainneoin na méaduithe suntasacha ar leas sóisialach a tharla le blianta beaga anuas, tá méadú tar éis teacht ar leibhéil na bochtaineachta, rud a thugann le fios gur gá do mheasúnú tionchar bochtaineachta a bheith déanta sula ndéantar cinntí polasaí.

Is fadhb ar leith í bochtaineacht ábharach, agus í ag dul in olcas sa chúlú eacnamaíoch. Tá bochtaineacht bhreosla, bochtaineacht bhia agus eisiamh airgeadais ag méadú na gcostas ar dhaoine ar bheagán ioncaim. Tá tionchar díobhálach á imirt acu seo ar an tsláinte, meabhairshláinte san áireamh. Is fadhb í an tithíocht chomh maith. Mar shampla, tá sé mar thoradh ar athruithe ar an bhforlíonadh cíosa go bhfuil daoine ag bogadh go ceantair/contaetha eile. Ábhar buartha eile atá ann ná gur minic a bhíonn gné chiníoch i gceist le cumhdach na meán cumarsáide ar cheisteanna bochtaineachta.

Rinneadh an pointe nach mbíonn an táscaire baol bochtaineachta ach ag insint cuid áirithe den scéal nuair a bhíonn bochtaineacht á tomhas. Nuair a chuirtear caitheamh san áireamh (.i. díothacht), méadaíonn leibhéil na bochtaineachta, rud a thugann le fios go bhfuil gá le réimse beart chun bochtaineacht a thomhas go cuimsitheach. Déanann an praghsinnéacs tomhaltóirí gannmheas ar chostas maireachtála na ndaoine ar bheagán ioncaim. Caitheann daoine ar bheagán ioncaim níos mó ar bhia, mar sin is mó an tionchar a imríonn ciorruithe ioncaim agus ardú ar phraghsanna orthu i gcomparáid le daoine eile.

Bhí daoine ar aon intinn nach mór go laghdaítear leibhéil baol bochtaineachta go mór le haistriú airgid thirim. Ach tá soláthar seirbhíse níos fearr i dtíortha eile den AE, mar shampla, cúram láidir uilíoch sláinte. Tá na seirbhísí inrochtana agus inacmhainne níos teoranta in Éirinn, go háirithe ó thaobh cúram leanaí de.

Bhí tuairim láidir ann go raibh na buiséid ba dhéanaí thar a bheith cúlchéimnitheach agus go bhfuil cuid mhaith eagraíochtaí pobail agus deonacha a dhéanann tosaíocht de dhul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh thíos le laghdú ar mhaoiniú, agus go mbíonn tionchar diúltach aige seo ar a n-obair.

Thug roinnt rannpháirtithe ó eagraíochtaí pobail agus deonacha laghdú ar cháilitheacht le haghaidh íocaíochtaí áirithe faoi deara, rud a léiríonn an gá atá le measúnú práinneach a dhéanamh ar chritéir cháilitheachta. Tá sé seo ag tarlú nuair atá daoine ag brath níos mó ar na líonraí sóisialta a chruthaítear trí ghníomhaíocht fhorbartha pobail, go háirithe nuair a dhéantar achomhairc leasa shóisialaigh. Creideann daoine áirithe gur léiriú é seo ar easpa comhordaithe ghinearálta sa rialtas i ndul i ngleic le fadhbanna leorgachta ioncaim.

Tharraing roinnt daoine leorgacht an chórais árachais shóisialaigh in Éirinn agus inbhuanaitheacht an chórais leasa shóisialaigh anuas - tá an miondealú sa soláthar árachais shóisialaigh le feiceáil go háirithe i gciorrú na seirbhísí déadacha agus optúla. Cuireadh an cheist an mbeadh an pobal sásta tuilleadh árachais shóisialaigh a íoc ar mhaithe le seirbhísí níos fearr.

Tarraingíodh anuas an gá atá le tionscnaimh atá dírithe ar fhiontraíocht agus cruthaitheacht, le tacú le daoine éalú ó bhochtaineacht. Níl cur i bhfeidhm pholasaí an ghníomhachtaithe nasctha go réasúnach leis an easpa post sa tír, agus seans go bhfuil sé seo ag cur le heagla faoi ghníomhachtú i measc faighteoirí áirithe leasa shóisialaigh. Tá roinnt bacainní ar obair ar gá dul i ngleic leo chomh maith – ina measc seo tá deacrachtaí litearthachta, réimse teoranta tacaí don duine aonair, easpa maoiniúcháin d'oiliúint srl. Anuas air sin, ní dhéantar tomhas ar bhearta a dhíríonn ar thorthaí pearsanta, amhail féinmheas méadaithe. Bhí buairt ghinearálta ann chomh maith nach bhfuil an polasaí gníomhachtaithe ag díriú ar dhaoine faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha eile, rud a thugann le fios gur gá an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chomhtháthú go hiomlán le polasaithe eile, go háirithe le bearta margadh saothair.

Maidir leis an méid is féidir leis an AE a dhéanamh, bhí tuairim láidir ann go bhfuil tionchar diúltach á imirt ag polasaí an AE ar phríobháidiú seirbhísí ar theaghlaigh leochaileacha, trí ghné bhrabúis a thabhairt isteach sna fóntais phoiblí. Bhraith cuid mhaith daoine gur chóir don AE leanúint d'úsáid taighde le haghaidh buiséid íosta riachtanacha a chur chun cinn (rudaí ar a dtugtar buiséid thagartha i bPacáiste Infheistíochta Sóisialta an AE). Cé go n-aithníonn an chuid is mó daoine ról tábhachtach an AE i ndul i ngleic le bochtaineacht, bhraith siad chomh maith gur chóir do rialtas na hÉireann glacadh le cuntasacht as an teip polasaí ar chearta bunúsacha d'imircigh agus daoine faoi mhíchumas a chur i bhfeidhm go tréan.

**Príomhphointí:**

- Téama láidir trasghearrtha a bhí ann ná an gá atá le struchtúir chuntasachta a chur i bhfeidhm a chuimsíonn comhairliúchán le daoine atá thíos le bochtaineacht.
- Is gá do gach polasaí rialtais a bheith díonach ar bhochtaineacht agus díonach ex ante maidir le comhionannas, le fócas ar leith ar ghrúpaí ar bheagán ioncaim agus grúpaí difriúla leochaileacha.
- Tá gá le nuálaíocht i gcruthú fostaíochta agus í dírithe ar sholáthar gairmeacha beatha fiúntacha. Ba chóir dul i ngleic le heagla agus diúltachas maidir le gníomhachtú.
- An gá atá le caighdeán inghlactha agus imleor maireachtála nár chóir do dhuine ar bith titim faoina shainmhíniú.

# Cuid 6
# An chuid deiridh

## Tuarascáil Rapóirtéir na Comhdhála

**Chuir an tUas. Aiden Lloyd, Rapóirtéir na Comhdhála,** blaiseadh ar an bplé sna ceardlanna i láthair, agus é ag díriú airde ar chuid de na ceisteanna, tosaíochtaí agus moltaí a bhí ag eascairt astu.

Leag an cheardlann ar **Leanaí agus Daoine Óga** béim ar an tábhacht atá le bealaí cuir chuige éifeachtacha idirghníomhaireachta a chuimsíonn eagraíochtaí pobail agus na hearnála deonaí i soláthar seirbhísí agus sna próisis pholasaí a chinneann ábhar na seirbhíse agus an chaoi a soláthrófar í.

B'ábhar plé é teagmháil le húsáideoirí/ionadaíocht pobail chomh maith, agus tuairim láidir ann gur gá rannpháirtíocht faighteoirí imeallaithe seirbhísí a éascú ar bhonn na fianaise go mbíonn an rath is mó ar rannpháirtíocht ó bhonn aníos.

Cuireadh an tábhacht atá le Ráthaíocht Óige a mbeadh neart acmhainní aici agus í comhtháthaithe go hiomlán le dul i ngleic le dífhostaíocht agus coimhthíos i measc na n-óg, cuireadh í seo chun cinn sa cheardlann seo. Leagadh béim ar an ngá atá le cur i bhfeidhm na hoibre forbartha óige, forbartha agus cumhachtaithe phearsanta a chuimsiú sa Ráthaíocht seo, agus cuid mhaith daoine ag creidiúint gur chóir tosú de chur i bhfeidhm na sraithe beart seo roimh 18 mbliana d'aois.

Chaith an cheardlann ar **Dhífhostaíocht agus Teaghlaigh gan Phost** roinnt ama ar phlé a dhéanamh ar an gcur chuige bainistíochta cáis i leith gníomhachtú, rud ar dócha go mbeidh tasc deacair aige freastal ar riachtanais thar a bheith ilghnéitheach, ach amháin má laghdaíonn cóimheasa foirne-cliant ualaí oibre na gcásanna. Cuireadh i gcuimhne do na rannpháirtithe chomh maith go bhfuil go leor daoine i dteaghlaigh gan phost nach bhfuil ar an mBeochlár.

Díríodh aird ar bhearnaí eolais idir ranna, agus ar an ngá atá le caidreamh measúil idir ranna agus eagraíochtaí pobail chomh maith i bhforbairt samhail rathúil chleachtais do Intreo.

Cuireadh buarthaí in iúl faoi asfhoinsiú féideartha eilimintí gníomhachtaithe. Thug fianaise ón RA le fios nár éirigh le hasfhoinsiú go comhlachtaí príobháideacha daoine a choinneáil gar don mhargadh fostaíochta. Bhí daoine áirithe ag rá go bhféadfaí go mbeadh torthaí níos fearr i gceist dá ndéanfaí comhpháirtíochtaí le comhlachtaí príobháideacha, agus dá mbainfí úsáid níos mó as meicníochtaí geilleagair shóisialta.

Ba mhír thábhachtach phlé é an chaoi an bhfuil daonra atá ag dul in aois go tapa in Éirinn, cás a bhfuil dúshláin agus deiseanna ag baint leis, sa cheardlann ar **Sheanóirí agus Teacht ar Sheirbhísí.** Tarraingíodh ceisteanna anuas faoin gcaoi a maoineofar riachtanais seirbhíse amach anseo agus cé na daoine a íocfaidh astu. Bhí tuairim

láidir ann gur anois an t-am leis an gceist seo a tharraingt anuas san Eoraip - ní hí Éire an t-aon tír ina bhfuil athrú comhchosúil daonra ar siúl - agus chun infheistíocht imleor a dhéanamh go náisiúnta.

Leagadh béim mhór chomh maith ar chion oibre seanóirí - tacú le cúram leanaí an teaghlaigh agus le heasnaimh ioncaim/fiacha leanaí fásta - agus bhraith cuid mhaith daoine gur mór an cúnamh é seo, ós rud é go bhfuil cúram leanaí chomh costasach sin agus go bhfuil an oiread sin deacrachtaí ag cuid mhaith teaghlach sa chás eacnamaíoch atá ann faoi láthair.

Ba cheisteanna trasghearrtha iad cuntasacht agus comhairliúchán sa cheardlann ar **Leorgacht Ioncaim agus Bochtaineacht a Chosc**, rud a dhírigh aird ar an ngá atá le díonadh ar bhochtaineacht agus díonadh maidir le comhionannas sa bhreithniú go léir ar pholasaithe, go háirithe na polasaithe sin a théann i bhfeidhm ar dhaoine ar bheagán ioncaim agus grúpaí leochaileacha eile.

Leagadh béim ar an ngá atá le dul i ngleic le heagla faoi phróiseas an ghníomhachtaithe - m.sh. buarthaí faoi dhíláithriú, obair ghearrthéarmach agus pá íseal. D'fhéadfaí díriú air seo trí bheith nuálaíoch faoi na cineálacha oiliúna atá ar fáil agus na réimsí cruthaithe fostaíochta ar a bhfuiltear ag díriú.

Ar deireadh, cuireadh an tábhacht atá le caighdeán inghlactha maireachtála a shainmhíniú in iúl i bhfianaise na hoibre tábhachtaí atá ar siúl ag an gComhpháirtíocht Uinseannach ar chaighdeáin íosta riachtanacha bhuiséid. Leagadh béim ar an ngá atá le hurlár sóisialta a choinneáil a dtacódh ioncam imleor leis, go háirithe nuair atá níos mó bochtaineachta agus leochaileacht fostaíochta ann.

## Aitheasc an Aire Coimirce Sóisialaí

D'fhéach **an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton T.D**. ar na tionscadail a bhí páirteach sa Sárthaispeántas Nuálaíochta um Chuimsiú Sóisialta nuair a tháinig sí i láthair. (Féach Aguisín 3)

Sa chur i láthair a rinne sí ag an bhFóram, d'aithin an tAire gurbh é seo an naoú cruinniú den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta, rud a bunaíodh mar chuid de na struchtúir chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta, 2007-2016. Ó cuireadh tús leis in 2003, tá an Fóram tar éis a chinntiú go bhfuil guth ag na daoine atá thíos go díreach le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, agus ag na daoine a bhíonn ag obair leo, i bhforbairt na bpolasaithe a théann i bhfeidhm orthu go díreach.

## Ról an Fhóraim

D'aithin an tAire aistriú an Fhóraim ó shliotán bliantúil na Samhna. Bhí sé seo i gcomhréir le moladh ó thuarascáil an FCS ó 2011 go bhféadfaí próiseas measúnachta níos éifeachtaí a chur ar bun dá mbeadh eolas reatha, amhail tuarascáil SIDM ó dheireadh na bliana, dá mbeadh an t-eolas seo ar fáil le bheith breithnithe ag an bhFóram. De bhun an mholta seo, chinn an tAire ar an bhFóram a aistriú ó shliotán traidisiúnta na Samhna go sliotán níos luaithe sa bhliain. Déanann sé seo an Fóram a chomhtháthú ar bhealach níos fearr leis an gcomhairliúchán agus tuairisciú ar fud phróiseas Seimeastair an AE chomh maith. Dúirt an tAire gur mór ag an Rialtas tuairimí na rannpháirtithe agus ag na hoifigigh atá páirteach go díreach i gceapadh polasaí agus a chur i bhfeidhm.

Ghabh an tAire buíochas le gach duine as freastal air. Dúirt sí gur thug an t-aiseolas ó na ceardlanna le fios go raibh an plé chomh torthúil is a bhí sé i mblianta roimhe sin, agus go raibh súil aici gur mheas daoine gur lá fiúntach agus suimiúil a bhí ann.

Rinne an tAire cur síos ar thábhacht an Fhóraim trína raibh deis ag daoine a n-eispéireas a chur in iúl maidir le:

- polasaithe atá mar chuid lárnach den Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta
- na dúshláin a thagann chun cinn, agus
- na tosaíochtaí ar gá glacadh leo le dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

Is mór an difear idir na dúshláin atá roimh an tír anois agus na dúshláin a bhí ann nuair a dréachtaíodh an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta reatha in 2007. Ach is ardmhian bhunúsach de shochaí na hÉireann agus den Rialtas é laghdú a dhéanamh ar, agus deireadh a chur le bochtaineacht ar deireadh. Seo an fáth a rinne an Rialtas athmheas agus feabhsú ar an sprioc náisiúnta shóisialta maidir le bochtaineacht a laghdú.

Is é an sprioc athmheasta ná bochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú go 4 faoin gcéad faoi 2016, agus go 2 faoin gcéad nó níos lú faoi 2020 - agus fospriocanna i gceist le dul i ngleic le bochtaineacht i measc leanaí agus i dteaghlaigh gan phost.

## Dul chun cinn i dtreo na sprice náisiúnta sóisialta maidir le bochtaineacht a laghdú

Dúirt an tAire gur ghlac an Rialtas lena togra socruithe córasacha a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar mhaithe le tacú le cur i bhfeidhm na sprice. Is dea-chleachtas é monatóireacht oscailte agus thrédhearcach a dhéanamh ar an sprioc i réimse an pholasaí eacnamaíoch agus shóisialta araon. Ar mhaithe leis an bpróiseas seo a éascú, tá Monatóir ar Chuimsiú Sóisialta bunaithe

ag a roinn-se chun dul chun cinn táscairí a rianú go leanúnach. Is féidir le gach páirtí leasmhar a bhaineann le fadhbanna na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta an Monatóir a léamh mar chuid den phróiseas monatóireachta seo, agus chuir an tAire fáilte roimh an gcaoi ar féidir leis cur go luachmhar le hobair an Fhóraim.

D'admhaigh an tAire nach ábhar iontais é go léiríonn na táscairí tionchar na géarchéime eacnamaíche agus fioscaí is measa le glúin anuas, ós rud é go bhfuil cruachás eacnamaíoch sa tír faoi láthair. Ach is maith an rud é a fheiceáil go bhfuil ag éirí go maith le haistriú sóisialta daoine ar bheagán ioncaim a chosaint. Tá sé seo mar chuid lárnach de chur chuige an Rialtais chun saoránaigh a chosaint ar na drochthionchair is measa a bhaineann leis an ngéarchéim. Dúirt sí gurb é seo an fáth ar throid sí chomh dian sin i mBuiséid éagsúla chun bunrátaí seachtainiúla leasa shóisialaigh a chosaint.

Leagann an Suirbhé is déanaí ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála béim ar ríthábhacht leasa shóisialaigh i gcosaint na ndaoine is leochailí. Laghdaigh aistriú sóisialta go daoine in aois oibre agus dá dteaghlaigh an ráta baol bochtaineachta in 2011 ó 40 faoin gcéad go 16 faoin gcéad. B'ionann seo agus éifeacht laghdaithe bochtaineachta 60 faoin gcéad, rud a mhéadaigh go 68 faoin gcéad le haghaidh an daonra iomláin nuair a chuirtear pinsin san áireamh.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag aistriú sóisialta, fáltais airgid thirim a íoctar ó scéimeanna leasa shóisialaigh le daoine aonair nó teaghlaigh, tá ról thar a bheith tábhachtach acu i gcosc na bochtaineachta, soláthar pinsean do dhaoine ar scor agus i gcabhrú le costais an chúraim leanaí. Ó thús na géarchéime eacnamaíche, tá ról breise ag aistriú sóisialta i maolú thionchar sóisialta na géarchéime. Cuireann sé chomh maith le laghdú mór a dhéanamh ar éagothroime ioncaim idir na teaghlaigh sin ar ardioncam agus na teaghlaigh ar bheagán ioncaim. Cabhraíonn sochair shóisialta neamhairgid, amhail cártaí leighis agus cártaí cuartaíochta dochtúra ghinearálta le laghdú a dhéanamh ar éagothroime ioncaim chomh maith.

Is é an córas aistrithe shóisialta in Éirinn an córas is éifeachtaí i laghdú bochtaineachta i gcomparáid le tíortha eile san AE. Agus tá sé i bhfad níos fearr ná córais na dtíortha eile is mó atá thíos leis an ngéarchéim, amhail an Eastóin, an Ghréig, an Phortaingéil, an Spáinn agus an Bhreatain. Ba é an tionchar meánach laghdaithe bochtaineachta a bhí ag aistriú sóisialta sna tíortha seo in 2011 ná 29 faoin gcéad, méid nach ionann é ach leath d'fheidhmíocht na hÉireann.

Dúirt an tAire gur cheist ar leith ar dhírigh a Roinn féin agus an ITES aird air le déanaí mar phríomhfhachtóir baol bochtaineachta agus eisiata shóisialta in Éirinn ná teaghlaigh gan phost. Bíonn baol mór bochtaineachta ag baint le teaghlaigh gan phost, is iad sin, teaghlaigh nach bhfuil duine fásta ar bith iontu fostaithe, in ainneoin

go bhfaigheann siad íocaíochtaí móra leasa shóisialaigh. Tá teaghlaigh gan phost i bhfad níos coitianta in Éirinn ná mar atá siad i mballstáit eile an AE. Tá 24 faoin gcéad de dhaonra na hÉireann atá idir 0 agus 59 bliain d'aois iontu, lena n-áirítear aon cheathrú de na leanaí go léir.

Cé go bhfuil fadhb na dteaghlach gan phost tar éis dul in olcas mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch, is léir gur fadhb struchtúrtha é, ós rud é go raibh 15 faoin gcéad den daonra iontu roimh an ngéarchéim. Déanta na fírinne, is mór an t-ábhar iontais é gur tháinig méadú ar chéatadán na dteaghlach gan phost i rith bhuaicthréimhse an bhorrtha eacnamaíoch. Díríonn sé seo aird ar theip shuntasach rialtas éagsúil dul i ngleic leis an bhfadhb.

Dúirt an tAire go bhfuil sí diongbháilte a chinntiú go mbeidh an Rialtas seo difriúil ina leith seo. Tosaíocht atá i gClár an Rialtais ná "a chinntiú nach bhfágfar teaghlaigh gan phost as an áireamh sa téarnamh eacnamaíoch, trí fheabhsú a dhéanamh ar straitéis Conairí chun Oibre le cinntiú go bhfaighidh daoine atá ar an mBeochlar post".

Is léiriú soiléir iad teaghlaigh gan phost nach réiteach ar bhochtaineacht í tacaíocht leasa shóisialaigh. Tá gá le hathchóiriú struchtúrtha a dhéanamh ar an gcóras leasa shóisialaigh le cur ar chumas gach duine fhásta in aois oibre páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair, agus a chinntiú nach bhfágfar cuid mhaith den phobal ar leataobh go buan agus iad le bheith dífhostaithe ar feadh a saoil.

## Straitéis na hEorpa in 2020

Rinne an tAire tagairt do Straitéis na hEorpa in 2020, rud faoinar ghlac an AE den chéad uair le sprioc bhochtaineachta Eorpach. Is é an sprioc atá ann ná 20 milliún duine ar a laghad a shaoradh ó riosca bochtaineachta agus eisiamh faoi 2020. D'fhonn tacú léi seo, tá ar gach ballstát a sprioc náisiúnta bhochtaineachta féin a shocrú, rud a chuirfidh leis an sprioc fhoriomlán Eorpach.

Is é sprioc na hÉireann ná laghdú íosta 200,000 a dhéanamh ar an sciar den daonra atá thíos le bochtaineacht chomhsheasmhach, nó atá i mbaol bochtaineachta nó díothachta bunúsaí. Creideann an tAire go láidir nach mór dúinn gan ligean don ghéarchéim fhioscach agus eacnamaíoch san Eoraip ár n-aird a bhaint den dúshlán sóisialta atá díreach chomh tábhachtach leis, is é sin, feabhsú a dhéanamh ar dhálaí maireachtála agus deiseanna saoil na saoránach go léir. Agus an cás seo ann, cuireann sí fáilte roimh thogra an Choimisiúin le déanaí tús a chur le Pacáiste Infheistíochta Sóisialta. Féachann an pacáiste seo le fás agus comhtháthú a thógáil san AE tar éis na géarchéime reatha.

Is cuid thábhachtach agus lárnach den Eoraip in 2020 é polasaí sóisialta atá dea-cheaptha agus curtha i bhfeidhm go maith, agus is léiriú é freagra Uachtaránacht na hÉireann air seo. Dúirt an tAire go raibh sí ag obair leis an gCoimisiún chun

comhdháil a eagrú in Leuven na Beilge, rud a bhí le bheith ar siúl i rith Uachtaránacht na hÉireann, áit a bpléifí an Pacáiste Infheistíochta Sóisialta, go háirithe an chaoi a bhféadfaí é a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Bhí socruithe le haghaidh na comhdhála seo á gcomhaontú leis an gCoimisiún.

Cuid lárnach de neartú na gné sóisialta ná dul chun cinn a dhéanamh maidir le spriocanna eile na hEorpa in 2020 maidir le fostaíocht, cuimsiú sóisialta agus oideachas. Tá cuid mhaith tíortha amhail Éire ag streachailt chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna ceannlíne seo, fad is atá cúlú eacnamaíoch ar siúl agus gá le comhdhlúthú fioscach. Tá gá go háirithe le polasaithe ar chuimsiú gníomhach a athneartú le díriú ar fhostaíocht agus dúshláin shóisialta.

In ainneoin na srianta fioscacha atá orainn mar thír i gclár, tá athchóiriú suntasach á dhéanamh ag Éirinn maidir le cuimsiú gníomhach. Áirítear anseo:

- polasaithe le haghaidh margadh saothair níos gníomhaí do dhaoine dífhostaithe, lena n-áirítear teaghlaigh gan phost
- teacht feabhsaithe ar sheirbhísí, cúram leanaí san áireamh, agus
- tacaí ioncaim atá níos oiriúnaí d'fhostaíocht a chur ar fáil do dhaoine in aois oibre

## Tionscnaimh taobh istigh den Roinn Coimirce Sóisialaí

Dúirt an tAire go gcuireann a Roinn-se réimse leathan tacaí ioncaim ar fáil tríd an gcóras coimirce sóisialaí dóibh siúd atá i ngátar. Leagtar béim ar thábhacht na dtacaí seo sa chaoi go mbeidh breis is €20 billiún á chaitheamh ar choimirce shóisialach in 2013.

Tá tábhacht le dearadh na dtacaí ioncaim. Príomhdhúshlán a bhaineann le hathchóiriú a dhéanamh ná an chaoi ar féidir spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh le tacaí ioncaim, fad is a d'fheabhsófaí torthaí bochtaineachta agus dreasachtaí fostaíochta. Bunaíodh Grúpa Comhairleach ar Cháin agus Leas Sóisialach chuige seo, le díriú ar roinnt ceisteanna ar leith maidir le hidirghníomhaíocht na gcóras cánach agus coimirce sóisialaí. Iarradh ar an nGrúpa chomh maith réitigh chostéifeachtacha a mholadh ar an gcaoi ar féidir dreasachtaí fostaíochta a fheabhsú, chomh maith le torthaí bochtaineachta níos fearr a bhaint amach.

D'fhoilsigh an Rialtas tuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh ar athchóiriú na dtacaí ioncaim do leanaí agus teaghlaigh an mhí seo caite. Cuirfidh an tuarascáil seo go mór leis an díospóireacht ar an gcaoi ar féidir athchóiriú sa réimse seo a chur chun cinn.

Cuirfidh an t-athchóiriú leasa shóisialaigh atá ar siúl faoi láthair le hiarrachtaí chun bochtaineacht a laghdú, trí thacú le bearta gníomhachtaithe chun teacht ar fhostaíocht a chumasú. Má táthar chun sochaí chuimsitheach a fhorbairt, beidh gá le cur chuige polasaí comhcheangailte, rud a nascfaidh tacaíocht ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus teacht ar sheirbhísí le chéile. Tá ról lárnach le himirt ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ina leith seo.

Is é cuspóir sáraitheach an Rialtais ná méadú a dhéanamh ar fhostaíocht, fíorfhás inbhuanaithe eacnamaíoch a chothú, agus na daoine is leochailí inár sochaí a chosaint. Beidh tionchar ag leasuithe leasa shóisialaigh níos leithne le tacú leis na cuspóirí seo ar laghdú bochtaineachta.

Déanann straitéis na gConairí chun Oibre foráil chun Intreo a bhunú mar sheirbhís chomhtháite fostaíochta agus tacaíochta ioncaim, le fócas dianaithe ar ghníomhachtú. Is ionad ilfhreastail é Intreo go héifeachtach do lucht dífhostaithe, agus é ag soláthar tacaí ioncaim, gníomhachtú margadh saothair, oiliúint scileanna agus bearta oideachais. Tá an múnla soláthar seirbhíse nua seo dírithe ar rannpháirtíocht shóisialta agus eacnamaíoch a mhéadú.

I gcásanna áirithe, beidh fostaíocht lánaimseartha gan a thuilleadh taca leasa shóisialaigh mar thoradh rathúil. I gcásanna eile ina bhfuil daoine i bhfad ón margadh saothair, cuideoidh bearta le daoine a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh deiseanna eile a ghlacadh, amhail oiliúint agus oideachas, chun a n-infhostaitheacht a fheabhsú.

## Tráchtanna deiridh an Aire

Leag an tAire béim arís ar thábhacht ghuth na rannpháirtithe ag an bhFóram. Dúirt sí go bhfuil obair mhór le déanamh ag an rialtas agus ag an tír i gcoitinne le dul i ngleic leis an dúshlán atá ann sochaí chuimsitheach a chruthú.

Tá an Rialtas tiomanta don gheilleagar a fhás agus poist a chruthú. Ag an am céanna, caithfidh siad a chinntiú go gcuirtear ar chumas na ndaoine is leochailí sa tsochaí tairbhe a bhaint as téarnamh eacnamaíoch trí chláir gníomhachtaithe agus seirbhísí. Is tosaíocht pholasaí é mar sin polasaithe agus acmhainní a dhíriú ar na grúpaí sóisialta is mó a bhíonn thíos le bochtaineacht, go háirithe teaghlaigh gan phost agus leanaí.

Bhí an tAire muiníneach go mbeidh dul chun cinn breise amach anseo maidir leis an sprioc náisiúnta shóisialta i leith laghdú bochtaineachta mar thoradh ar sholáthar polasaithe spriocdhírithe ar fud ranna rialtais, agus tacaíocht curtha ar fáil dóibh le hacmhainní agus tiomantas na bpáirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta.

Dúirt an tAire Burton mar fhocal scoir go bhfuil sí ag súil leis an tuarascáil ar na himeachtaí a léamh agus éisteacht leis an gcaoi ar féidir iarrachtaí ar chuimsiú sóisialta níos fearr a bhaint amach a fheabhsú. Ghabh sí buíochas leis an




gCathaoirleach agus le foireann a Roinne as cabhrú le hócáid an lae inniu a eagrú. D'aithin sí go bhfuil cuid mhaith chreidiúna ag dul do Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta agus Comharchumann na nOibrithe Pobail chomh maith as tacaíocht agus saineolas a chur ar fáil do phróiseas an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta.

## Tráchtanna deiridh an Chathaoirligh

Chuir **An tUas. Kathleen Stack, Rúnaí Cúnta, An Roinn Coimirce Sóisialaí,** clabhsúr ar na himeachtaí trí bhuíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuir leo trí na ceardlanna réigiúnacha roimh an bhFóram, agus trí fhreastal ar an bhFóram inniu. Gabhadh buíochas ar leith leo siúd go léir a thaistil achar fada le bheith i láthair. Chuir sí i gcuimhne do na daoine a bhí i láthair go scríobhfar tuarascáil imeachtaí an lae agus go gcuirfear í faoi bhráid Choiste na Comh-aireachta ar Pholasaí Sóisialta. Ghabh sí buíochas leis na cainteoirí agus na héascaitheoirí go léir, le lucht scríofa nótaí agus le rapóirtéir an Fhóraim, agus ghuigh sí turas abhaile sábháilte ar chách.

# Gluais

**An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta, 2007 – 2016**
Plean 10 mbliana Rialtas na hÉireann atá dírithe ar dhul i ngleic le bochtaineacht.

**Cuimsiú Sóisialta**
Rannpháirtíocht níos mó ag daoine imeallaithe agus daoine atá thíos le bochtaineacht sna cinntí a théann i bhfeidhm orthu a chinntiú.

**Comhpháirtíocht Shóisialta**
Comhaontuithe idir an rialtas, fostóirí, ceardchumainn, feirmeoirí agus an earnáil phobail agus dheonach ar pholasaithe eacnamaíocha agus sóisialta i rith tréimhse chomhaontaithe.

**Cur Chuige Saolré**
Cuireann an cur chuige seo an duine aonair ag croílár fhorbairt agus sholáthar an pholasaí, trí na rioscaí atá roimhe/roimpi a chur san áireamh, chomh maith leis na tacaí atá ar fáil ag gach céim den tsaolré (leanaí, daoine in aois oibre, seanóirí agus daoine faoi mhíchumas). Tairgeann sé creat cuimsitheach chun cur chuige sruthlínithe, crosghearrtha agus infheicthe a chur i bhfeidhm le dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Agus é ag cur chuige ar bhonn saolré, tacaíonn an *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta* le forbairt cur chuige atá níos ceangailte agus ildisciplíní i leith ceapadh polasaí, le hionchur comhordaithe ó réimse leathan páirtithe.

**An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta (RCS)**
Is é ról na Rannóige um Chuimsiú Sóisialta ná tacú leis an Aire agus leis an Rialtas i bhforbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí an Rialtais chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chosc, a laghdú agus a dhíchur ar deireadh. Chomh maith leis sin, cuireann an Rannóg cuimsiú agus comhtháthú sóisialta níos fearr chun cinn i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, go háirithe le daoine atá thíos le bochtaineacht.

**Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire (LEAB, Éire)**
Is líonra grúpaí agus daoine aonair é Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire, a bhíonn ag obair in aghaidh na bochtaineachta. Is é LEAB, Éire, nasc na hÉireann le Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, rud a thugann eagraíochtaí sochaí sibhialta le chéile ó áiteanna éagsúla ar fud an Aontais Eorpaigh ar mhaithe leis an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta a chur ag barr an chláir oibre san AE, go náisiúnta agus go háitiúil.

**Comharchumann na nOibrithe Pobail (COP)**
Agus é bunaithe in 1981, is eagraíocht bhallraíochta náisiúnta é Comharchumann na nOibrithe Pobail, arb é is aidhm dó obair phobail ar ardchaighdeán a chur chun cinn mar bhealach le dul i ngleic le bochtaineacht, eisiamh sóisialta agus éagothroime, chomh maith le cur le sochaí níos córa, níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chruthú.

## Aguisín 1: An Pacáiste Infheistíochta Sóisialta

1. Méadóidh creat an Phacáiste Infheistíochta Sóisialta, rud ar ghlac EPSCO leis go foirmiúil ar 20 Meitheamh 2013[8], méadóidh sé inbhuanaitheacht agus leorgacht na gcóras sóisialta trí shimpliú agus spriocdhíriú níos fearr:

- Polasaithe níos fearr ar spriocdhíriú ar shochair/seirbhísí a bhaineann torthaí níos fearr amach
- Simpliú a dhéanamh ar riarachán sochar/seirbhísí chun teacht na n-úsáideoirí a éascú agus laghdú a dhéanamh ar ualaí riaracháin
- Méadú a dhéanamh ar iarrachtaí chun calaois agus earráid a laghdú
- Dea-chleachtais ar an gcaoi ar féidir éifeachtúlacht an chaiteachais shóisialta a fheabhsú a aithint

2. Féachaint le polasaithe um ghníomhachtú agus cumasú a chur i gcrích trí thacaíocht spriocdhírithe choinníollach agus níos éifeachtaí:

- Cabhrú le hullmhú le tabhairt faoin margadh saothair arís
- Dreasachtaí a chruthú agus dídhreasachtaí a bhaint de rannpháirtíocht sa mhargadh saothair
- Margaí saothair cuimsitheacha a chur chun cinn
- Tacaíocht ioncaim imleor a chur ar fáil

3. Infheistíocht shóisialta ar feadh shaol an duine, agus polasaithe á ndíriú ar na rioscaí éagsúla a bhíonn roimh dhaoine ag céimeanna éagsúla a shaoil, rudaí a théann in olcas de réir a chéile go minic. Is é an bealach is fearr le deireadh a chur le timthriallta míbhuntáiste ó ghlúin go glúin agus a chinntiú go mbainfidh daoine a n-acmhainneacht iomlán amach, is é an bealach is fearr ná infheistíocht a dhéanamh chomh luath agus is féidir:

- Polasaithe le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, lena n-áirítear oideachas agus cúram leanaí
- Scéimeanna ráthaíochta óige, oideachas ar feadh an tsaoil agus dul in aois ghníomhach
    - Infheistíocht Shóisialta le haghaidh Fáis agus Comhghreamú - lena n-áirítear cur i bhfeidhm CSE2014 - 2020 (COMM)
    - Fianaise ar Threochtaí Déimeagrafacha agus Sóisialta - Mar a chuireann Polasaithe Sóisialta le Cuimsiú, fostaíocht agus leis an nGeilleagar (SWD)
    - Infheistíocht i Leanaí - An Timthriall Míbhuntáiste a Bhriseadh (REC)
    - Athleanúint chur i bhfeidhm a rinne na Ballstáit ar Mholtaí an Choimisiúin Eorpaigh ó 2008 ar Chuimsiú Gníomhach Daoine atá Scoite Amach ón Margadh Saothair (SWD)
    - An 3ú Tuarascáil dhébhliantúil ar Sheirbhísí Sóisialta Spéise

[8] http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/lsa/137545.pdf

Ginearálta (SWD)

- Cúram Fadtéarmach i Sochaithe atá ag Dul in Aois - Dúshláin agus Roghanna Polasaí (SWD)
- Dul i nGleic le Fadhb na nDaoine Gan Dídean san AE (SWD)
- Infheistíocht i Sláinte (SWD)
- Infheistíocht Shóisialta trí Chiste Sóisialta na hEorpa (SWD)

**Tuilleadh eolais:**

- Straitéis na hEorpa in 2020: http://ec.europa.eu/eu2020
- An tArdán Eorpach in aghaidh na Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta: http://ec.europa.eu/social/
- Cumarsáid le haghaidh an Phacáiste Infheistíochta Sóisialta (SIP): http://ec.europa.eu/social/
- An Eoraip Shóisialta - Dúshláin faoi láthair agus an bealach chun tosaigh - Tuarascáil Bhliantúil an Choiste um Choimirce Shóisialach (2012): http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=7405&type=2&furtherPubs=yes

## Aguisín 2: Obair i dTreo Féilire Nua Náisiúnta - Forbhreathnú



## Aguisín 3: An Sárthaispeántas Nuálaíochta um Chuimsiú Sóisialta

Tharla an Sárthaispeántas Nuálaíochta um Chuimsiú Sóisialta i limistéar idirurláir an Ionaid Comhdhála. Chuir gné an tsárthaispeántais deis ar fáil do ghrúpaí ardán a chur i láthair agus a n-eagraíocht/tionscadail a bhfuil siad páirteach iontu a chur chun cinn. Tugadh cuireadh do thionscadail teacht i láthair agus aon litríocht agus ábhar a bhaineann lena dtionscadal a chur ar taispeáint.

### Liosta Tionscadal

1. Tionscnamh Fostaíochta Iontaobhas Shráid an Mhóta
2. Clár Oideachais Uaschéimneach CE Dhún Laoghaire d'Úsáideoirí na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean
3. Bia Sláintiúil do Chách (BSC)
4. Comhairle Náisiúnta na mBan - Tionscadal Fhachtóir Y
5. Pavee Point - Our Geels - Staidéar Sláinte Uile-Éireann ar an Lucht Siúil: Do, Le agus Ag an Lucht Siúil
6. Tionscnamh Leanaí Mhaigh Eo (TLME), Éire
7. Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil
8. An Cosán agus an ÁNLA (NALA) - Cur Chuige na Foghlama Cumaisc - Litearthacht agus Foghlaim an Bhéarla Bhunúsaigh
9. SBCA (MABS) Náisiúnta don Lucht Siúil
10. An Líonra um Chosc agus Idirghabháil Luath (LCIL/PEIN)
11. Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe - Insliú den Chéad Scoth

Rannóg an Chuimsithe Shóisialta, An Roinn Coimirce Sóisialaí,
Teach Gandon, Urlár 1, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie